AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.11.2023
COM(2023) 724 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

maidir le gníomhaíocht EURES Iúil 2020 - Meitheamh 2022

Arna thíoclacadh de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2016/589

Clár Ábhar

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN 1
PRÍOMHACRAINMNEACHA 3
1 RÉAMHRÁ 4
2 PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ LÍONRA EURES: IÚIL 2020 – MEITHEAMH 2022 6
2.1 Gníomhaíochtaí i dtíortha EURES 6
2.1.1 Seirbhísí tacaíochta ginearálta d'oibrithe agus fostóirí 6
2.1.2 Seirbhísí tacaíochta sonracha 7
2.1.3 Acmhainní agus rialachas 8
2.2 Gníomhaíochtaí tacaíochta cothrománaí ó Oifig Eorpach Comhordúcháin EURES 11
2.2.1 Tacaíocht chomhordúcháin agus rialachais 11
2.2.2 Oibriú agus forbairt thairseach EURES agus tacaíocht TF ghaolmhar 12
2.2.3 Oiliúint agus forbairt ghairmiúil 12
2.2.4 Líonrú, malartú dea-chleachtais agus foghlaim fhrithpháirteach 13
2.2.5 Gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide 13
2.2.6 Anailís ar shoghluaisteacht gheografach agus ghairmiúil 14
2.2.7 Struchtúr comhair agus imréitigh iomchuí a fhorbairt le haghaidh printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna 14
2.2.8 Acmhainní airgeadais 14
3 CUR CHUN FEIDHME AN RIALACHÁIN SNA BALLSTÁIT 15
3.1 Comhdhéanamh an líonra agus ábhair eagraíochtúla 15
3.1.1 Cur chun Feidhme 15
3.1.2 Dúshláin 16
3.2 Rialachas agus idirghníomhaíocht le heagraíochtaí lasmuigh de líonra EURES 16
3.2.1 Cur chun Feidhme 16
3.2.2 Dúshláin 17
3.3 An líonra a leathnú 17
3.3.1 Cur chun Feidhme 17
3.3.2 Dúshláin 17
3.4 Folúntais agus malartuithe CV 17
3.4.1 Cur chun Feidhme 18
3.4.2 Dúshláin 18

3.5 Seirbhísí Tacaíochta 19
3.5.1 Cur chun Feidhme 19
3.5.2 Dúshláin 19
3.6 Malartú faisnéise, clársceidealú agus tomhas feidhmíochta 20
3.6.1 Cur chun Feidhme 20
3.6.2 Dúshláin 20
3.7 Moltaí ar ar tugadh aghaidh ón tréimhse tuairiscithe roimhe sin 20
4 CUR CHUN FEIDHME AN RIALACHÁIN ARNA DHÉANAMH AG AN GCOIMISIÚN EORPACH AGUS AG AN OIFIG EORPACH COMHORDÚCHÁIN 21
4.1 Ceanglais an Rialacháin 21
4.2 Cur chun Feidhme 22
4.3 Dúshláin 22
4.4 Moltaí ar ar tugadh aghaidh ón tréimhse tuairiscithe roimhe sin 23
5 CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ 24
5.1 Conclúidí 24
5.2 Moltaí chuig an Oifig Eorpach Comhordúcháin, arna mbainistiú ag an Údarás Eorpach Saothair 26
5.3 Na príomhthátail le haghaidh an Choimisiúin 28

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Leis an Tuarascáil Dhébhliantúil seo soláthraítear forbhreathnú ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag líonra EURES idir an 1 Iúil 2020 agus an 30 Meitheamh 2022 chomh maith le tuairisc ar staid na himeartha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán EURES (AE) 2016/589 ó mhí an Mheithimh 2022 dá bhforáiltear in Airteagal 33 den Rialachán seo. Tugtar faoi deara go ndearnadh difear don tréimhse a chumhdaítear sa tuarascáil de dheasca phaindéim COVID-19, rud a chruthaigh dúnadh teorainneacha, dianghlasálacha éagsúla agus taisteal srianta.

Seoladh EURES in 1994 agus is é atá ann líonra comhair idir an Coimisiún Eorpach (CE), an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA), na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPF) náisiúnta agus eagraíochtaí eile a ligtear isteach i dtíortha uile an Aontais, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis agus, i gcodanna den tréimhse thagartha, an Ríocht Aontaithe (dá ngairtear 'tíortha EURES' anseo feasta). Tá sé de phríomhsprioc ag líonra EURES tacú le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair laistigh den Aontas. Soláthraítear seirbhísí EURES trí fhoireann EURES ar fud thíortha uile EURES, agus tríd an Tairseach Eorpach um shoghluaisteacht ó phost go chéile ('tairseach EURES').

Mar a cheanglaítear i rialachán EURES, in 2021 d'fhoilsigh an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar ghníomhaíochtaí EURES agus éifeachtaí an rialacháin seo. Sainaithníodh roinnt réimsí feabhsúchán sa mheastóireacht sin, agus is é is aidhm don tuarascáil seo forbhreathnú a sholáthar ar an dul chun cinn a rinneadh ón dara seimeastar de 2020 go dtí an chéad seimeastar de 2022.

Bhí líonra EURES an-ghníomhach idir mí Iúil 2020 agus mí an Mheithimh 2022. Rinne foireann líonra EURES 445 206 iarratas ar phoist agus 718 168 bhfolúntas a láimhseáil agus a phróiseáil, agus eagraíodh 18 935 imeacht ar fud an líonra.

Ar an leibhéal oibríochtúil, le príomhghníomhaíochtaí thíortha EURES le linn na tréimhse cur chun feidhme atá ann faoi láthair, díríodh ar sheirbhísí tacaíochta ginearálta a sholáthar d'fhostóirí agus cuardaitheoirí poist. Ina theannta sin, seirbhísí tacaíochta sonracha maidir le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna, cúnamh iar-earcaíochta agus scéimeanna soghluaisteachta, soláthraíodh iad ar fud an líonra. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinneadh feidhm Oifig Eorpach Comhordúcháin (ECO) EURES a aistriú ón gCoimisiún chuig ELA tar éis chruthú ELA. Mar sin féin, leanann an Coimisiún de bheith freagrach as na gnéithe reachtacha agus beartais de EURES, agus as na scéimeanna cistiúcháin faoi EURES chomh maith leis sin.

Ar an leibhéal rialála, thuairiscigh tíortha EURES roinnt dul chun cinn i gcur chun feidhme Rialachán EURES, lena n-áirítear:

- Tá córas um ligean isteach i bhfeidhm ag formhór thíortha EURES chun go bhféadfaidh Comhaltaí agus Comhpháirtithe féideartha nua a líonraí a mhéadú agus ligeadh roinnt Comhaltaí agus Comhpháirtithe éagsúla nua isteach. Le rialachán EURES cruthaítear oscailt chun go mbeidh seirbhísí fostaíochta príobháideacha agus seirbhísí gaolmhara ina gcomhpháirtithe sa líonra. Mar sin féin, tá dul chun cinn maidir leis an líonra a oscailt do chomhpháirtithe eile fós teoranta.
- Tá tíortha EURES uile nasctha chun folúntais a aistriú chuig tairseach EURES, agus aistríonn formhór na dtíortha CVanna ón leibhéal náisiúnta chuig tairseach EURES. Mar sin féin, tá aistriú cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí chuig tairseach EURES teoranta do leath thíortha EURES.
- D'éirigh le tíortha uile EURES nach mór an t-aicmiú Eorpach scileanna, inniúlachtaí, cáilíochtaí agus gairmeacha (ESCO)[1] a ghlacadh nó lena n-aicmithe náisiúnta a mhapáil chuig ESCO agus thosaigh tíortha áirithe EURES ar fholúntais agus iarratais ar phoist a ionchódaítear le ESCO a aistriú chuig tairseach EURES.

Leis an tuarascáil seo déantar anailís ar cé acu a cuireadh nó nár cuireadh Rialachán EURES chun feidhme agus ar conas a rinneadh amhlaidh. Dúshláin agus bacainní áirithe a phléitear sa tuarascáil

seo, tá aghaidh fós le tabhairt ag na hOifigí Náisiúnta um Chomhordú (NCOnna) orthu. Go háirithe, méadú an líonra de thoradh Comhaltaí agus Comhpháirtithe nua a ligean isteach, cuireadh moill mhór air sin de dheasca phaindéim COVID-19. Is féidir feabhas a dhéanamh fós a mhéid a bhaineann le feasacht bhranda EURES ar fud na hEorpa. Thairis sin, tuilleadh tarchur (uathoibrithe) ar fholúntais, chomh maith le comhlíontacht mhéadaithe na Cvanna agus na n-iarratas ar phoist a chuirtear ar aghaidh chuig tairseach EURES leis na ceanglais rialála a leagtar amach le Rialachán EURES, tá gá leis sin.

Amach anseo, chun cuspóirí rialachán EURES a bhaint amach agus chun soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a áirithiú a thuilleadh laistigh den Aontas, moltar do thíortha EURES a n-iarrachtaí a fheabhsú chun Comhaltaí agus Comhpháirtithe nua a ligean isteach. I bhfianaise an mhéadaithe ar mhéid líonra EURES, ba cheart do thíortha EURES machnamh a dhéanamh ar a rialachas inmheánach agus ar a sásraí comhordúcháin chun tacú leis an líonra atá ag fás. I dtréimhse ina bhfuil ganntanais ard lucht saothair agus scileanna, níl barr a chumais á bhaint amach ag EURES fós chun freagraí de chuid an Aontais a sholáthar ar na ganntanais atá ann i roinnt earnálacha agus réigiún. Chun bheith in ann meaitseáil poist trasteorann ábhartha, éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú, is gá do thíortha EURES leanúint dá n-iarrachtaí freisin a mhéid a bhaineann le haistriú folúntas agus CVanna a uathoibriú, agus ba cheart é a bheith ina thosaíocht le haghaidh an líonra mapáil leanúnach ar chórais aicmithe náisiúnta chuig ESCO a chur i gcrích.

[1] Is é ESCO an t-aicmiú ilteangach Eorpach le haghaidh Scileanna, Inniúlachtaí, agus Gairmeacha. Tá tuilleadh eolais faisnéise le fáil ag https://esco.ec.europa.eu/en.

PRÍOMHACRAINMNEACHA

Acrainm	Tuairisc
API	Comhéadan Ríomhchláraithe Feidhmchlár
CBP	Comhpháirtíochtaí Trasteorann
CV	Curriculum Vitae
EaSI	An Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta
CE	An Coimisiún Eorpach
ECG	Grúpa um Chomhordú EURES
ECO	An Oifig Eorpach Comhordúcháin
EEA	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
ELA	An tÚdarás Eorpach Saothair
EOJD	Laethanta Fostaíochta Eorpacha Ar Líne
ESCO	An tAicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha
CSE+	Ciste Sóisialta na hEorpa Plus
Tairseach EURES	An tairseach Eorpach um shoghluaisteacht ó phost go céile
AE	An tAontas Eorpach
FTE	Coibhéis Lánaimseartha
JV	Folúntas
CAI	An Creat Airgeadais Ilbhliantúil
NCO	An Oifig Náisiúnta um Chomhordú
PC	Timthriall Cláreagraithe
SPF	Seirbhísí Poiblí Fostaíochta
PMS	An Córas Tomhaiste Feidhmíochta
SDG	An Tairseach Aonair Dhigiteach
TMS	Scéimeanna Soghluaisteachta Spriocdhírithe
UK	An Ríocht Aontaithe
YFEJ	Do chéad phost EURES
2FA	Fíorú Dhá Fhachtóir

1 RÉAMHRÁ

Leis an Tuarascáil Dhébhliantúil seo soláthraítear forbhreathnú ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag líonra EURES idir mí Iúil 2020 agus mí an Mheithimh 2022 chomh maith le tuairisc ar staid na himeartha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán EURES (AE) 2016/589 (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta) bunaithe ar fhógraí ó na Ballstáit ó mhí an Mheithimh 2022 i leith dá bhforáiltear in Airteagal 33 den Rialachán sin.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinneadh difear mór d'oibríochtaí EURES leis an ráig de COVID-19 agus b'éigean do na páirtithe leasmhara déileáil le teorainneacha dúnta, dianghlasálacha agus taisteal srianta le linn tréimhsí sínte, rud a chruthaigh cuid mhór éiginnteachta dóibh uile agus a chuir cuid mhór brú orthu uile. Ar an dara dul síos, an 4 Márta 2022, tar éis cinneadh d'aon toil ó na Ballstáit, gníomhachtaíodh an Treoir um Chosaint Shealadach le haghaidh na ndaoine sin a bhí ar a dteitheadh ó ionradh na Rúise gan údar ar an Úcráin. Leis sin tugadh cosaint do na milliúin daoine easáitithe agus soláthraíodh rochtain dóibh ar mhargadh an tsaothair, gairmoideachas agus gairmoiliúint agus cúram sláinte. I dtíortha EURES áirithe b'éigean do Sheirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPF) tosaíocht a thabhairt do chúraimí a bhaineann le fáiltiú roimh dhaoine atá ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar a gcríoch. Ar an tríú dul síos, ó thaobh eagraíochtúil de, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1149, an fhreagracht as Oifig Eorpach Comhordúcháin (ECO) EURES a bhainistiú, aistríodh ón gCoimisiún Eorpach (CE) chuig an Údarás Eorpach Saothair (ELA) í agus cuireadh an t-aistriú i gcrích i mí na Bealtaine 2021. Ar deireadh, meastóireacht *ex post* fhairsing ar EURES, a cheanglaítear leis an Rialachán, thug an Coimisiún chun críche in 2021 í[2] 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin.

Seoladh EURES in 1994 agus is é atá ann líonra comhair idir an Coimisiún Eorpach (CE), an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA), na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPF) náisiúnta agus Comhaltaí agus Comhpháirtithe eile, i dtíortha uile an Aontais, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe[3] (dá ngairtear 'tíortha EURES' anseo feasta). Éascaíonn EURES saorghluaiseacht oibrithe trí fhaisnéis agus seirbhísí tacaíochta fostaíochta a sholáthar d'oibrithe agus fostóirí, agus trí chomhar agus malartú faisnéise a fheabhsú idir a eagraíochtaí is comhaltaí.

Le Rialachán EURES (AE) 2016/589 cruthaíodh líonra níos mó agus níos láidre de sheirbhísí fostaíochta Eorpacha, de chineál poiblí agus príobháideach araon, chun go ndéanfar malartú faisnéise maidir le margadh an tsaothair a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla thar theorainneacha mar thacaíocht le socrúcháin fostaíochta ar fud an Aontais nó limistéar LEE. Na príomhathruithe a tugadh isteach le Rialachán EURES nua i gcomparáid leis an mbunús dlí roimhe sin, tá siad nasctha le trédhearcacht fheabhsaithe trí mhéadú ar an líon post a fhógraítear ar Thairseach EURES, lena n-áirítear printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna atá faoi réir caidreamh fostaíochta; meaitseáil fheabhsaithe ar líne ar fholúntais agus Cvanna; pacáiste seirbhísí íosta comhaontaithe a sholáthar do chuardaitheoirí

[2] Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi mheastóireacht ex post EURES: https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=738&langId=en&pubId=8370&furtherPubs=yes.
[3] Scoir ballraíocht na Ríochta Aontaithe in EURES an 31 Nollaig 2020

poist agus fostóirí; agus méadú ar an líonra. Tacaítear leis an Rialachán le sé chinneadh cur chun feidhme[4] lena n-áirithítear cur chun feidhme aonfhoirmeach ar fud thíortha EURES.

Tar éis nach mór 30 bliain de ghníomhaíochtaí rathúla, tá EURES ina chuid fhíor-riachtanach de struchtúr tacaíochta mhargadh an tsaothair a d'fhorbair an tAontas le roinnt deacáidí anuas chun tacú le soghluaisteacht chothrom agus feabhas a chur ar a fheidhmíocht shóisialta agus eacnamaíoch. Soláthraítear seirbhísí EURES trí dhá chainéal chomhlántacha – líonra daonra EURES, lena gcuimsítear foireann EURES ar fud an líonra, agus an Tairseach Eorpach um shoghluaisteacht ó phost go chéile (Tairseach EURES) agus roinnt uirlisí seirbhíse le fáil ar líne.

Seirbhísí a chuireann EURES ar fáil do chuardaitheoirí poist agus d'fhostóirí

- Cuidiú le cuardaitheoirí poist chun **poist a fháil** agus le fostóirí chun **iarrthóirí a fháil** ar fud na hEorpa;
- Folúntais agus CVanna **a mheaitseáil** ar thairseach EURES;
- **Faisnéis, treoraíocht,** agus seirbhísí tacaíochta eile i ndáil le soghluaiseacht lucht saothair le haghaidh oibreoirí agus fostóirí;
- **Cúnamh iar-earcaíochta**;
- Rochtain ar fhaisnéis maidir le gnéithe de **choinníollacha maireachtála agus oibre**, cuir i gcás an cháin, pinsin, árachas sláinte agus slándáil shóisialta i dtíortha EURES;
- Seirbhísí tacaíochta sonracha le haghaidh oibrithe agus fostóirí trasteorann i **réigiúin trasteorann**;
- Tacaíocht le haghaidh grúpaí sonracha i gcomhthéacs **scéimeanna soghluaisteachta spriocdhírithe** a bhaineann le EURES;
- Tacaíocht le haghaidh imeachtaí earcaíochta dinimiciúla tríd an ardán **Laethanta Fostaíochta Eorpacha Ar Líne**.

[4] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1255 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2017 maidir le teimpléad le haghaidh tuairisc ar chórais
agus nósanna imeachta náisiúnta chun eagraíochtaí a ligean isteach chun bheith ina gComhaltaí agus ina gComhpháirtithe de chuid EURES.
Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1256 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2017 maidir le teimpléid agus nósanna imeachta chun faisnéis a mhalartú maidir leis na cláir oibre náisiúnta de chuid líonra EURES ar leibhéal an Aontais.
Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1257 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2017 maidir leis na caighdeáin theicniúla agus na formáidí is gá
le haghaidh córas aonfhoirmeach chun meaitseáil folúntas poist le hiarratais ar phoist agus le CVanna ar Thairseach EURES a chumasú.
Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/170 ón gCoimisiúin an 2 Feabhra 2018 maidir le
mionsonraíochtaí aonfhoirmeacha maidir le sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú líonra EURES.
Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1020 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2018 maidir le liosta scileanna,
inniúlachtaí agus gairmeacha an aicmithe Eorpaigh a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta chun críche meaitseáil uathoibrithe a dhéanamh trí ardán
coiteann TF EURES
Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1021 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2018 maidir le caighdeáin theicniúla agus formáidí is gá a ghlacadh
chun an mheaitseáil uathoibrithe a oibriú tríd an ardán coiteann TF trí leas a bhaint as an aicmiú Eorpach agus
as an idir-inoibritheacht idir na córais náisiúnta agus an t-aicmiú Eorpach.

I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán EURES, tá líonra EURES comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

- Na hOifigí Náisiúnta um Chomhordú (NCOnna) arna n-ainmniú ag tíortha EURES agus atá nasctha go ginearálta lena Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPF) nó lena nAireacht Saothair;
- an Oifig Eorpach Comhordúcháin (ECO), rud atá á óstáil anois ag an Údarás Eorpach Saothair, soláthraíonn sí tacaíocht chothrománach do NCOnna;
- Comhaltaí agus Comhpháirtithe eile de chuid EURES, arb amhlaidh, de réir Airteagal 12 de Rialachán EURES, is iad na heagraíochtaí iad a fheidhmíonn gníomhaíochtaí oibríochtúla laistigh de líonra EURES, amhail seirbhísí fostaíochta príobháideacha, comhpháirtithe sóisialta agus ollscoileanna.

I dteannta a chéile, is é atá sa Choimisiún Eorpach, san Údarás Eorpach Saothair agus sna NCOnna an Grúpa um Chomhordú Eorpach (ECG) de líonra EURES, ag a bhfuil ról comhordúcháin maidir le gníomhaíochtaí agus feidhmiú an líonra.

2 PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ LÍONRA EURES: IÚIL 2020 – MEITHEAMH 2022

Leis an roinn seo tugtar tuairisc ar phríomhghníomhaíochtaí líonra EURES ar feadh na tréimhse tuairiscithe.

2.1 Gníomhaíochtaí i dtíortha EURES

Plé a dhéanamh le fostóirí agus cuardaitheoirí poist chun tacaíocht a sholáthar dóibh le linn agus tar éis an phróisis earcaíochta is príomhghníomhaíocht de thíortha EURES é sin, agus í miondealaithe i seirbhísí tacaíochta ginearálta agus sonracha.

2.1.1 Seirbhísí tacaíochta ginearálta d'oibrithe agus fostóirí

2.1.1.1 Gníomhaíochtaí meaitseála agus socraithe

Idir mí Iúil 2020 agus mí an Mheithimh 2022, láimhseáil agus phróiseáil foireann EURES **445 206 iarratas ar phoist** agus **718 168 bhfolúntas rud atá i bhfad níos ísle ná mar a bhí sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin, agus is é is príomhchúis leis sin an moilliú drámatúil ar ghníomhaíochtaí EURES le linn na paindéime agus leithdháileadh fhoireann EURES ar ghníomhaíochtaí SPF eile**. Eagraíodh **18 935** imeacht ar fud an líonra. Astu sin, bhí **73 %** díobh ina n-imeachtaí faisnéise, bhí **9 %** díobh ina n-imeachtaí earcaíochta agus bhí an **18 %** díobh a bhí fágtha ina theaglaim de ghníomhaíochtaí earcaíochta agus faisnéise.

Faoi dheireadh an dara seimeastar de 2022, bhí **93 186 chuardaitheoir poist** agus **5 919 bhfostóir cláraithe ar thairseach EURES trína feidhm féinseirbhíse**. Bunaithe ar mheastacháin choimeádacha[5], d'éascaigh líonra EURES **36 154 shocrúchán** sa dara seimeastar de 2020**, 24 463**

[5] Agus na torthaí ó Chóras Tomhaiste Feidhmíochta EURES agus meastacháin bunaithe ar an suirbhé maidir le sásamh custaiméirí á dtabhairt le chéile.

shocrúchán in 2021 agus **25 163 shocrúchán** sa chéad seimeastar de 2022[6], trí thairseach EURES agus líonraí náisiúnta EURES araon.

2.1.1.2 Faisnéis agus treoraíocht

Ar na samplaí de ghníomhaíochtaí faisnéise agus treoraíochta le haghaidh cuardaitheoirí poist agus fostóirí arna soláthar ag foireann EURES áirítear comhairleoireacht aghaidh ar aghaidh duine le duine agus fhíorúil, tacaíocht le folúntais a dhréachtú, eagrú ceardlann agus imeachtaí ar líne. Ar an bhforiomlán, tuairiscíodh **5 516 313** theagmháil aonair le hoibrithe agus **372 616** le fostóirí idir mí Iúil 2020 agus mí an Mheithimh 2022. Maidir leis na teagmhálacha le hoibrithe agus fostóirí, bhí formhór na dteagmhálacha ó chomhairleoirí EURES le hoibrithe ó thír EURES eile (56 %) agus i gcás 27 % de na teagmhálacha le fostóirí rinne comhairleoirí EURES iad le fostóirí ó thír EURES eile. Bhí socrúcháin ar na príomhábhair a pléadh le hoibrithe (40 % de na teagmhálacha), agus ba é an t-ábhar is mó a pléadh le fostóirí faisnéis ghinearálta maidir le EURES (39 % de theagmhálacha).

2.1.2 Seirbhísí tacaíochta sonracha

2.1.2.1 Tacaíocht i réigiúin trasteorann

In 2020-2022, thairbhigh **ocht gComhpháirtíocht Trasteorann (CBPanna)** de thacaíocht ó Chlár an Aontais um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI)[7]. Is é atá i gceist le comhpháirtíochtaí trasteorann EURES grúpálacha de Chomhaltaí agus Comhpháirtithe EURES agus, i gcás inarb ábhartha, páirtithe leasmhara eile lasmuigh de líonra EURES, a chuir struchtúir réigiúnacha ar bun le haghaidh comhar fadtéarmach i réigiúin trasteorann chun seirbhísí a thairiscint sna réimsí a bhaineann le socrúchán, earcaíocht agus faisnéis le haghaidh comaitéirí trasteorann.

In 2021, seoladh glao nua ar thograí lena gcumasaítear do **sheacht CBP** deontais a fháil ó shnáithe EaSI de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) le haghaidh na tréimhse 2022 go dtí 2024. Ar an bhforiomlán, thuairiscigh CBPanna EURES **162 160 teagmháil aonair le cuardaitheoirí poist,** ar tuairiscíodh 39 022 theagmháil le linn an dara seimeastar de 2020, 97 971 teagmháil in 2021 agus 25 167 dteagmháil le linn an chéad seimeastair de 2022. Ar an bhforiomlán, thuairiscigh CBPanna EURES **28 079 dteagmháil aonair le fostóirí**, ar tuairiscíodh 8 096 theagmháil le linn an dara seimeastar de 2020, 16 727 dteagmháil le linn 2021 agus 3 256 theagmháil le linn an chéad seimeastair de 2022. Is é is cúis leis an laghdú ar theagmhálacha sa chéad leath de 2022 deireadh a bheith tagtha le dhá thionscadal i mí na Nollag 2021, agus glacadh moill gníomhaíochtaí a bheith ag baint leis na tionscadail a dámhadh le déanaí go dtí fómhar 2022. Tharla níos mó ná **11 694 mheaitseáil** a bhuí leis na CBPanna sa tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo. Bhí gníomhaíochtaí CBPanna dírithe den chuid is mó ar **fhaisnéis a sholáthar** do chuardaitheoirí poist agus fostóirí, agus ba iad na hábhair ba mhó a pléadh leis an dá ghrúpa an tslándáil shóisialta, socrúcháin agus ceisteanna ginearálta maidir le EURES.

[6] Tugtar faoi deara nach dtuairiscíonn oibrithe ná cuideachtaí ar na sonraí sin i gcónaí.

[7] An tacaíocht airgeadais le haghaidh comhpháirtíochtaí trasteorann trí ghlaonna ar thograí amhail VP/2019/006. EaSI – EURES *Cross-border partnerships and support to cooperation on intra-EU mobility for EEA countries and social partners is implemented by the Commission* [Comhpháirtíochtaí trasteorann agus tacaíocht le haghaidh comhar maidir le soghluaisteacht laistigh den Aontas le haghaidh thíortha LEE agus comhpháirtithe sóisialta, cuireann an Coimisiún chun feidhme iad].

2.1.2.2 Scéim Soghluaisteachta Spriocdhírithe (TMS) EURES

In 2019, chuir an Coimisiún gníomhaíocht chomhtháite ar bun: 'Scéim Soghluaisteachta Spriocdhírithe (TMS) EURES' chun dhá scéim soghluaisteachta poist a bhí i bhfeidhm i rith an ama laistigh den Aontas a chumasc, 'Do chéad phost EURES' (YFEJ) agus 'Athghníomhachtú' agus a leanúnachas agus a bhforbairt bhreise a áirithiú mar chuid de TMS. Tá sé de chuspóir ginearálta ag TMS cuidiú le cuardaitheoirí poist an Aontais nó LEE (go háirithe grúpaí dífhostaithe agus leochaileacha) post, cúrsa oiliúna agus printíseacht a aimsiú i mBallstát eile den Aontas nó i dtír LEE eile, agus le fostóirí (go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide) a bhfolúntais a líonadh, ar doiligh iad a líonadh, trí oibrithe a earcú ó Bhallstát eile den Aontas nó ó thír LEE eile. Faoi láthair, tá an ghníomhaíocht á déanamh ag an tSualainn, ag an nGearmáin agus ag an Iodáil mar phríomhthíortha[8]. De dheasca phaindéim COVID-19, bhí moill curtha ar chur chun feidhme na dtionscadal éagsúil in 2020 agus 2021[9].

2.1.2.3 Cúnamh iar-earcaíochta

Is é is aidhm do chúnamh iar-earcaíochta a áirithiú go ndéanfar oibrithe taistil a lánpháirtiú ar an mbealach is fearr is féidir ina bpoist nua ar an gcoigríoch. Dhírigh tíortha EURES ar fhaisnéis a sholáthar d'oibrithe agus fostóirí roimh chonradh fostaíochta a shíniú. Ar an bhforiomlán, thuairiscigh **18 dtír EURES** gur eagraigh siad gníomhaíochtaí iar-earcaíochta in 2020 agus 2021 agus bhí sé beartaithe ag **24 thír EURES** na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh in 2022, bunaithe ar a gcláir oibre. Is é a bhí i gceist le formhór na ngníomhaíochtaí faisnéis agus treoraíocht a sholáthar maidir le saincheisteanna cánach agus slándála sóisialta chomh maith le treoraíocht maidir le tithíocht, poist le haghaidh céilí agus oideachas le haghaidh a dteaghlach a aimsiú. Téann tíortha EURES áirithe níos faide fós fiú le haghaidh fostaithe isteach agus is é is aidhm dóibh iad a choinneáil trí chúrsaí teanga saor in aisce a thairiscint dóibh chomh maith le ríomhfhoghlaim chun poist fhadtéarmacha a aimsiú chun a lánpháirtiú a chur chun cinn.

2.1.2.4 Tacaíocht le haghaidh na hóige – printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna

Gníomhaíochtaí nasctha le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna atá faoi réir caidreamh fostaíochta, tháinig méadú orthu i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin. Thuairiscigh 19 dtír EURES gur eagraigh siad gníomhaíochtaí a bhaineann le tacú le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna in 2020, d'eagraigh 16 thír EURES na gníomhaíochtaí sin in 2021 agus bhí sé beartaithe ag 21 tír EURES na gníomhaíochtaí sin a eagrú in 2022, bunaithe ar a gcláir oibre. Is iad na cúiseanna nach soláthraíonn tíortha EURES áirithe an cineál sin gníomhaíochtaí nach dtagann siad faoi raon feidhme sheirbhísí SPF na tíre agus/nó nach bhfuil na cleachtais sin comónta ina dtír.

I dtíortha áirithe, déantar tairiscintí printíseachta agus cúrsa oiliúna a mhalartú ar thairseach EURES, agus tairgeadh **212 726 phrintíseacht** agus **17 001 shocrúchán oibre** san iomlán ar feadh na tréimhse tuairiscithe.

[8] Le linn an dara seimeastar de 2020, bhí na tionscadail faoi stiúir na Sualainne agus na Gearmáine agus le linn an chéad seimeastair de 2021, bhí an dara tionscadal ann faoi stiúir na Gearmáine agus tionscadal nua ann faoi stiúir na hIodáile.
[9] Ó mhí Eanáir 2020 go dtí mí an Mheithimh 2020, le tionscadail TMS cumasaíodh 3 607 socrúchán, lena dtacaítear le 239 bhfiontar bheaga agus mheánmhéide in 30 tír.

2.1.3 Acmhainní agus rialachas

2.1.3.1 Acmhainní daonna

Áirítear le foireann EURES comhairleoirí a oibríonn ar EURES in SPF náisiúnta nó réigiúnach agus in eagraíochtaí eile is Comhaltaí nó Comhpháirtíochta de chuid EURES.**[10]** Ar an bhforiomlán, tháinig méadú 13 % ar an líon de chomhaltaí foirne EURES cé gur tháinig laghdú 11 % ar an líon coibhéisí lánaimseartha (FTE) le linn na tréimhse tuairiscithe, rud a léiríonn gur leithdháileadh níos mó comhairleoirí ar chúraimí EURES ach gurb amhlaidh, ar an bhforiomlán, go raibh níos lú acmhainní tiomnaithe do EURES ó thaobh FTEnna. I ndeireadh an dara seimeastar de 2020, bhí **2 122 chomhalta foirne EURES** (**1 311**) ag líonra EURES. I ndeireadh 2021, d'ardaigh an líon comhaltaí foireann gníomhacha de EURES chuig **2 421**, ach thit an líon FTE chuig 1 100. Le linn an chéad seimeastair de 2022, tháinig laghdú beagán ar an líon de chomhaltaí foirne EURES gníomhacha chuig **2 405** agus mhéadaigh an líon FTE chuig 1 163.[11]

2.1.3.2 Acmhainní airgeadais

Tá comhdhéanamh bhuiséad oibre na NCOnna agus an méid éagsúil le tír EURES go chéile. De réir na faisnéise a sholáthraítear i gcláir oibre na NCOnna[12], luaigh seacht dtír EURES go bhfuair siad **cistiú** Eorpach, luaigh naoi dtír EURES nach bhfuair siad ach **cistiú náisiúnta** agus luaigh ceithre cinn díobh nach bhfuair siad ach **cineálacha 'eile' cistiúcháin**. Luaigh na tíortha EURES eile go bhfuair siad meascán de chistiú ó fhoinsí éagsúla.

Ina theannta sin, tá acmhainní airgeadais ar fáil freisin do thionscadail a dhéantar i dtíortha EURES faoin **gClár EaSI**[13] (ó 2021 ar aghaidh, tháinig ais EURES chun bheith ina snáithe faoi **CSE+**), amhail le haghaidh TMS agus na CBPanna.

2.1.3.3 Bonneagar TF

Mar gheall ar phaindéim COVID-19 b'éigean cianobair a ghlacadh go forleathan, rud a luasghéaraigh **digitiú oibríochtaí EURES**. I dteannta **trealamh TF** a sholáthar **chun a cheadú d'fhoireann EURES a hobair a dhéanamh ó chian**, d'áirithigh tíortha EURES rochtain freisin ar **bhogearraí ábhartha le haghaidh cruinnithe agus imeachtaí ar líne**. D'éirigh cuardaitheoirí poist agus fostóirí níos sásta freisin poist nó fostaithe a lorg ar líne. Dá bhrí sin, d'infheistigh roinnt tíortha EURES ina n-ardáin nó ina suíomhanna gréasáin náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta agus i bhfeabhas a chur ar a seirbhísí digiteacha. Luasghéaraíodh an méid sin freisin leis na caighdeáin cháilíochta arna bhforchur leis an Rialachán maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach (SDG)[14]. Is é a thiocfaidh as sin tuilleadh idir-inoibritheachta ar thairseach EURES agus le hardáin EURES náisiúnta.

Sa réimse idir-inoibritheachta, lean tíortha EURES de bheith ag obair ar fheabhas a chur ar a mbonneagar TF chun folúntais agus CVanna a aistriú chuig tairseach EURES. Chun folúntais a mheaitseáil le CVanna ábhartha, beidh ceanglais mhapála an Aicmithe Eorpaigh Scileanna,

[10] Sonraí arna dtuairisciú ag tíortha EURES mar chuid de PMS.
[11] Tugtar faoi deara nach soláthraíonn na tíortha uile sonraí FTE.
[12] Gach bliain, iarrtar ar NCOnna Clár Oibre (WP) a sholáthar lena dtugtar tuairisc ar na gníomhaíochtaí a bheartaíonn siad a dhéanamh le linn na bliana ina dhiaidh sin.
[13] VP/2019/010: EaSI-EURES - Tacaíocht le haghaidh fardail aicmithe náisiúnta agus seirbhísí náisiúnta nuálacha ar líne le haghaidh oibrithe taistil.
[14] Rialachán (AE) 2018/1724 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar.

Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO) ina gcumasóir. Bhí gá le tuilleadh athruithe ar bhonneagar TF i dtíortha EURES áirithe chun leathnú an líonra a éascú agus chun bonneagair TF de chuid Chomhaltaí agus Chomhpháirtithe EURES nua (e.g, an Ghearmáin, an Ungáir, an Ísiltír agus an Phortaingéil) a ailíniú.

Chun slándáil sonraí pearsanta a mhéadú ar thairseach EURES i mí Eanáir 2022 tugadh isteach Córas Fíordheimhniúcháin 2-Fhachtóir (2FA) sainordaitheach. Roimh an tabhairt isteach, bhí 151 731 chuntas cláraithe ar thairseach EURES, lena n-áirítear cuardaitheoirí poist, bainisteoirí cuideachta agus teagmhálaithe, agus Comhaltaí agus Comhpháirtithe EURES. 2 mhí tar éis an 2FA éigeantach a chur chun feidhme, thit an líon cuntas cláraithe go mór. Cuireadh roinnt bearta maolaitheacha chun feidhme, lena n-áirítear feachtas feasachta agus faisnéise arna reáchtáil ag ECO ar feadh roinnt míonna. 11 mhí dhéag tar éis an 2FA a thabhairt isteach, tá na torthaí fós míshásúil. D'ainneoin gur tháinig méadú 282 % ar an líon cuntas cláraithe (rud a shroich 19 958 in S2 2022), tá siad fós i bhfad níos ísle ná an líon cuntas roimh thabhairt isteach an 2FA. Staonann cuardaitheoirí poist, fostóirí agus comhaltaí EURES (SPF go príomha) ó úsáid a bhaint as seirbhísí EURES lena gceanglaítear EU Login 2FA. Mar bheart feabhais breise, tá filleadh deonach chuig Córas Fíordheimhniúcháin 1-Fhachtóir á phlé faoi láthair.

2.1.3.4 Rialachas agus comhar le páirtithe leasmhara

Bhí leathnú líonra EURES ar cheann de phríomhchuspóirí straitéiseacha an líonra, agus dá réir sin rinneadh iarrachtaí leanúnacha chun páirtithe leasmhara eile a spreagadh chun dul isteach sa líonra le linn na tréimhse tuairiscithe. Mar sin féin, de dheasca phaindéim COVID-19 ba dhúshlánach an rud é coimeád i dteagmháil le comhaltaí agus comhpháirtithe breise agus iad a earcú. Ar feadh roinnt míonna bhí sé dodhéanta cruinnithe fisiceacha a thionól chun oibríochtaí EURES a chur i láthair páirtithe leasmhara nua agus athraíodh tosaíochtaí in SPF agus le haghaidh páirtithe leasmhara fostaíochta eile chun díriú ar chúraimí eile a cuireadh ar bharr an chláir oibre chun dul i ngleic le móraistrithe mhargadh an tsaothair a tharla de dheasca na paindéime. Nuair a ardaíodh bearta i lár 2021, d'éirigh sé níos fusa teagmháil a athghabháil le páirtithe leasmhara féideartha.

2.1.3.5 Cumarsáid i dtíortha EURES

Sa tréimhse thagartha, reáchtáladh **12 887** n-imeacht, agus sroicheadh **537 696** dhuine. Bhí imeachtaí faisnéise, agus imeachtaí measctha (faisnéis agus earcaíocht) agus imeachtaí earcaíochta amháin ina dhiaidh sin ar an gcineál imeachta ba chomónta a reáchtáladh. Leanadh an patrún céanna leis an líon daoine a sroicheadh leis na cineálacha éagsúla imeachtaí. Dá mhéad imeacht a eagraíodh, is mó an líon daoine a sroicheadh, seachas le haghaidh an dara seimeastar de 2021.[15]

Eagraíodh imeachtaí áirithe ar an leibhéal náisiúnta i gcomhar le líonra eile de chuid an Aontais a bhí i láthair ar an talamh. [16] Bhí an comhar le líonraí eile ina bhealach tairbheach chun sineirgí a chruthú, is é atá mar shampla den chomhar sin na seisiúin faisnéise a bhí spriocdhírithe ar mhic linn agus a eagraíodh i dteannta lárionaid EUROPE DIRECT agus EURODESK.

[15] Eagraíodh 2 248 n-imeacht in S2 2020 agus sroicheadh 131 500 duine. Eagraíodh 2 945 imeacht in S1 2021 agus sroicheadh 139 800 duine. Eagraíodh 3 503 imeacht in S2 2021 ach níor sroicheadh ach 123 929 nduine. Eagraíodh 4 191 imeacht in S1 2022 agus sroicheadh 142 467 nduine.

[16] https://european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_en

Le linn na tréimhse 2020-2022, rinneadh cumarsáid trí na meáin shóisialta (Facebook, Instagram, LinkedIn agus Twitter) go príomha, agus d'fhás cumhacht EURES ar na meáin shóisialta ar chainéil na meán sóisialta uile sa tréimhse tuairiscithe[17]. Ar na gníomhaíochtaí cumarsáide a rinneadh áiríodh **feachtais faisnéise** ghinearálta maidir le seirbhísí agus iarrachtaí cumarsáide EURES **atá spriocdhírithe ar ghrúpaí nó earnálacha sonracha** (mar shampla, d'eagraigh an Iorua imeachtaí faisnéise le haghaidh cuardaitheoirí poist óga agus d'óstáil an Rómáin imeachtaí faisnéise le haghaidh oibrithe séasúracha). A mhéid a bhaineann le feachtais faisnéise ghinearálta, in 2021 chomhordaigh ELA an feachtas '#Rights4AllSeasons', i gcomhpháirtíocht leis an gCoimisiún Eorpach, le líonra EURES, leis an Ardán Eorpach lena dtéitear i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, le tíortha an Aontais agus comhpháirtithe sóisialta, ag díriú ar na gníomhaíochtaí forfheidhmithe agus faisnéise san earnáil talmhaíochta. I gcomhthéacs Bhliain Eorpach na hÓige 2022, sheol ECO feachtas freisin a bhí tiomnaithe don Óige chun feasacht a mhúscailt maidir leis na seirbhísí de chuid EURES atá ar fáil dóibh má tá post á lorg acu i dtír eile den Aontas.

2.1.3.6 Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí

Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/170[18] ón gCoimisiún tugadh isteach sonraíochtaí le haghaidh cur chuige aonfhoirmeach maidir le bailiú sonraí agus anailís chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht líonra EURES. Le **Córas Tomhaiste Feidhmíochta (PMS)** EURES a tugadh isteach in 2018 bunaíodh córas aontaithe ríomhchlárúcháin agus faireacháin ar an leibhéal náisiúnta agus éascaíodh an bailiú sonraí laistigh de Chomhaltaí agus Comhpháirtithe uile EURES. Ó shin, sholáthair NCOnna sonraí maidir le cúig 'phríomhtháscaire' agus 11 'táscaire líonra' gach 6 mhí[19]. Dá thoradh sin, bhí comparáid agus tagarmharcáil ar fheidhmíocht indéanta ar fud an líonra ó shin.

I dteannta PMS, is é an **Timthriall Cláreagraithe** ('PC', i.e., Cláir Oibre le haghaidh thíortha uile EURES) an phríomhuirlis faireacháin le haghaidh ghníomhaíochtaí bliantúla thíortha EURES. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1256 ón gCoimisiún[20] tugadh isteach na socruithe agus na teimpléid atá le húsáid in PC. Tuairiscíonn gach NCO ar aischuir agus torthaí a líonra EURES náisiúnta i dTuarascáil Náisiúnta bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí in aghaidh na gcuspóirí a leagtar amach ina Chlár Oibre Náisiúnta.

2.2 Gníomhaíochtaí tacaíochta cothrománaí ó Oifig Eorpach Comhordúcháin EURES

2.2.1 Tacaíocht chomhordúcháin agus rialachais

Is é an sainordú atá ag ECO na céimeanna éagsúla de PC a mhaoirsiú agus a éascú agus pleanáil NCO a chomhordú. Mar a cheanglaítear le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1149, **aistríodh oibriú ECO ón gCoimisiún chuig ELA** i mí na Bealtaine 2021.

[17] Mhéadaigh an líon leantóirí Facebook ó 497 461 in S2 2020 chuig 651 413 in S2 2022. Mhéadaigh an líon leantóirí Twitter ó 44 659 in S2 2020 chuig 49 665 in S1 2022. Mhéadaigh an líon leantóirí LinkedIn ó 156 375 in S2 2020 chuig 260 872 in S1 2022. Mhéadaigh an líon leantóirí ar mheáin shóisialta eile ó 19 195 in S2 2020 chuig 25 638 in S1 2022.

[18] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le mionsonraíochtaí aonfhoirmeacha maidir le sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú líonra EURES.

[19] Mar a luaitear in Airteagal 32 de Rialachán EURES (AE) 2016/589 agus mar a mhionsonraítear in Airteagal 1 agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/170 ón gCoimisiún maidir le mionsonraíochtaí aonfhoirmeacha maidir le sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú líonra EURES.

[20] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le teimpléid agus nósanna imeachta le haghaidh malartú faisnéise ar chláir oibre náisiúnta líonra EURES ar leibhéal an Aontais.

Is é atá i n**Grúpa EURES um Chomhordú**[21] **(ECG)** struchtúr rialachais an phríomhfhóraim a thacaíonn le líonra EURES chun a ghníomhaíochtaí a dhéanamh. Tagann sé le chéile go tráthrialta agus ar bhonn *ad hoc* chomh maith leis sin chun gníomhaíochtaí an líonra a stiúradh, staid na himeartha a phlé, forbairtí a rinneadh le déanaí a chur i láthair agus faisnéis agus dea-chleachtais a chomhroinnt. Leis na cruinnithe sin tugtar le chéile na NCOnna uile, an Coimisiún agus ECO. Tionóladh seacht gcruinniú ECG le linn na tréimhse tagartha.

2.2.2 Oibriú agus forbairt thairseach EURES agus tacaíocht TF ghaolmhar

Le haistriú inniúlachtaí ón gCoimisiún chuig ELA, tháinig ELA chun bheith ina **úinéir córais ar thairseach EURES**. Tá forbairt theicniúil agus cothabháil na tairsí fós á láimhseáil ag an gCoimisiún, i gcomhréir le Rialachán EURES.

Is é atá mar réamhchoinníoll d'fheidhm **meaitseála uathoibrithe** a thabhairt isteach ar thairseach EURES (mar a cheanglaítear le Rialachán EURES[22]) go nglacfadh tíortha EURES ESCO, nó de rogha air sin **mapáil** idir córais aicmithe náisiúnta agus ESCO. Cé gur thug formhór mór na dtíortha an mhapáil sin chun críche, tá an próiseas mapála nó glactha fós ar bun ag cinn eile. Dá bhrí sin, tá tacaíocht á soláthar ag an gCoimisiún chun cáilíocht na mapála a áirithiú.

Thairis sin, lean ECO de **shuirbhéanna** [23] a sheoladh mar chuid dá fhaireachán leanúnach ar thaithí úsáideoirí ar an tairseach. Tugadh laghdú beagán ar shásamh na n-úsáideoirí faoi deara, ós rud é go raibh **80 %** de na húsáideoirí a d'fhreagair an suirbhé sásta nó an-sásta le seirbhísí ar líne thairseach EURES, i gcomparáid le 95 % le linn na tréimhse tuairiscithe roimhe sin.

Bhí feabhas a chur ar sho-úsáidteacht thairseach EURES ina phríomh-mholadh a rinneadh sa mheastóireacht *ex post*. Le linn na tréimhse tuairiscithe, **lean** ECO **d'athruithe a chur chun feidhme ar thairseach EURES** chun dul sa treo sin (e.g. feabhsuithe ar na scagairí agus ar an roghchlár), ach aithníonn na páirtithe leasmhara gur gá an méid sin a shaothrú a thuilleadh.

Ó bhí 2011 ann, reáchtáil ECO ardán na **Laethanta Fostaíochta Eorpacha (Ar Líne)** (E(O)JD[24]) agus thacaigh sé le laethanta poist agus imeachtaí earcaíochta a eagrú. Le linn na tréimhse tuairiscithe, reáchtáladh na himeachtaí sin ar líne den chuid is mó de dheasca phaindéim COVID-19, cé gur reáchtáladh cuid acu i bhformáid hibrideach. Ghlac ELA ceannas ar eagrú na E(O)JDanna ó mhí Aibreáin 2021 agus leithdháil sé EUR 700 K chun imeachtaí a eagrú idir mí Aibreáin agus mí na Nollag 2021. Idir mí Eanáir 2022 agus mí an Mheithimh 2022, bhuiséadaigh ELA EUR 400 K chun na E(O)JDanna a mhaoiniú. Eagraíodh 75 imeacht san iomlán, i gcomparáid le 65 imeacht sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin.

---

[21] Ó bhí mí na Bealtaine 2021 ann, tá rialachas ECG faoi ECO agus ELA.

[22] Féach Airteagal 19 de Rialachán EURES (AE) 2016/589

[23] Rinneadh an suirbhé sin ar feadh na tréimhse tuairiscithe agus tá sé fós le fáil ar fhreastalaí Europa ag https://ec.europa.eu/eusurvey/trunner/EURESHelpdeskSurvey2022. Tá nasc an tsuirbhé mar chuid de shíniú Dheasc Chabhrach EURES, rud a áirítear i bhfreagraí uile na Deisce Cabhrach a chuirtear amach trí ríomhphost agus mar chomhrá. Le linn na tréimhse tuairiscithe 24 mhí, d'fhreagair 1 188 n-úsáideoir san iomlán an suirbhé, as 19 808 n-úsáideoir a fuair an suirbhé.

[24] Is ardán é Laethanta Fostaíochta Eorpacha (Ar Líne) lena gcuidítear le heagraíochtaí idirmheánacha, amhail seirbhísí poiblí fostaíochta, chun imeachtaí earcaíochta a eagrú ar an láthair agus ar líne – imeachtaí ar a dtugtar 'Laethanta Fostaíochta Eorpacha'. Cruthaíodh an t-ardán sin in 2011.

2.2.3 Oiliúint agus forbairt ghairmiúil

I mí Eanáir 2022 seoladh **ardán ríomhfhoghlama EURES nua** le haghaidh fhoireann EURES agus tugadh cúrsaí oiliúna nua isteach chun riachtanais nua a chomhlíonadh le haghaidh oiliúna.

Leanadh den bhunoiliúint a sholáthar ar an leibhéal náisiúnta, rud a d'fhág go rabhthas in ann teacht chuig an bpeirspictíocht náisiúnta agus go háirithe chuig conas atá EURES struchtúrtha i ngach eagraíocht nó tír agus soláthraítear léi buneolas maidir le EURES agus na huirlisí atá ar fáil aige. Is é a thagann as sin céim chomhdhlúthúcháin, lena dtugtar an pheirspictíocht Eorpach chuig na hoiliúintí, agus is é atá inti trí chomhpháirt foghlama sheicheamhacha: uirlis féinmheasúnaithe agus spreagadh; ceardlann foghlama agus líonraithe ar líne nó ar an láthair; modúil fhíorúla. Ar deireadh, leathnaíonn Acadamh EURES eolas sonrach fhoireann EURES trí oiliúint fhíorúil agus seomra ranga chomh maith le gníomhaíochtaí líonraithe lena n-áirítear imeachtaí agus ceardlanna. Leis na hoiliúintí cumhdaítear réimse leathan ábhar, amhail oiliúint ar mhapáil ESCO, na seirbhísí chuig cuardaitheoirí poist agus fostóirí, uirlisí cumarsáide agus tairseach EURES. San iomlán, eagraíodh **83 sheisiún oiliúna** a raibh **2 674 fhoireann EURES** ina láthair ó mhí Iúil 2020 go mí an Mheithimh 2022.

Leanadh d'**fheidhm deisce cabhrach** a sholáthar le haghaidh úsáideoirí uile thairseach EURES agus a seirbhísí (i.e. cuardaitheoirí poist, fostóirí, foireann Chomhaltaí agus Chomhpháirtithe EURES, NCOnna, agus aoi-chuairteoirí). Leis an tseirbhís sin áirítear freagra a thabhairt ar na fiosrúcháin uile a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraítear ar thairseach EURES, lena n-áirítear an chuid eislín[25] agus soghluaisteacht ó phost go chéile go ginearálta. Phróiseáil deasc chabhrach EURES **23 678 bhfiosrúchán úsáideora** le linn na tréimhse tuairiscithe, rud atá i bhfad níos ísle ná sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin inar próiseáladh 61 779 bhfiosrúchán úsáideora.

2.2.4 Líonrú, malartú dea-chleachtais agus foghlaim fhrithpháirteach

Líonrú, foghlaim fhrithpháirteach agus malartú dea-chleachtas, leanadh d'éascaíocht a dhéanamh dóibh laistigh de líonra EURES. Le linn na tréimhse tuairiscithe forbraíodh leagan nua d'**eislíon EURES**[26] . Tá an méid sin ar fáil do na comhaltaí foirne uile a bhfuil baint acu le líonra EURES. Tá bonn eolais, stóras doiciméad agus roinnt uirlisí agus fóntais phraiticiúla eile sa leagan nua den eislíon ach rinneadh **níos sláine agus níos soláimhsithe** é.

Cé is moite de chruinnithe ECG tráthrialta, eagraíodh **imeachtaí foghlama frithpháirtí** agus **meithleacha**[27] le hionadaithe ó thíortha EURES uile. Eagraíodh cúig imeacht foghlama frithpháirtí le

[25] Tá an t-eislíon ar an gcuid de thairseach EURES nach bhfuil ar fáil ach d'úsáideoirí inmheánacha, amhail comhairleoirí EURES, comhordaitheoirí náisiúnta agus foireann ECO. Leis sin éascaítear an comhordú, malartú faisnéise agus cúraimí riaracháin.

[26] Eislíon EURES is ea an t-ainm a úsáidtear le haghaidh an inlín le haghaidh líonra EURES iomlán.

[27] De réir rialachán bunaidh ELA, tá an fhéidearthacht ag an Údarás meithleacha a chur ar bun chun cúram sonrach a chomhlíonadh nó maidir le réimse beartais ar leith. Go dtí seo, tá ceithre mheitheal thiomnaithe ag ELA ina gcomhroinneann ionadaithe ó na Ballstáit, an Coimisiún agus comhpháirtithe sóisialta a saineolas maidir leis an ábhar tiomnaithe: An Mheitheal um Faisnéis, an Mheitheamh um Chigireachtaí, an Mheitheamh um Idirghabháil agus an tArdán Eorpach lena dtéitear i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe.

linn na tréimhse tuairiscithe: ceann amháin maidir le E(O)JD[28], dhá cheann maidir le PC[29] agus dhá cheann maidir le PMS[30].

2.2.5 Gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide

Leag líonra EURES **straitéis cumarsáide nua** amach le linn na tréimhse tuairiscithe, ar lena haghaidh atá an cur chun feidhme ag NCOnna fós ar bun. Is é is aidhm don straitéis nua sin tacú le seirbhísí EURES trí dhá phríomhchuspóir cumarsáide: (1) feabhas a chur ar fheasacht agus braistint bhranda EURES agus iad a mhéadú, lena n-áirítear leabhrán branda nua a fhorbairt lena dtugtar cuma agus mothú iomlánaíoch do bhranda EURES agus (2) comhar níos gníomhaí a spreagadh agus a éascú idir Comhaltaí agus Comhpháirtithe EURES, ECO, NCOnna, an Coimisiún agus páirtithe leasmhara lasmuigh den líonra. Forbraíodh treoirdhoiciméad le haghaidh NCOnna chun tacú leis an straitéis iomlán a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, agus thairg foireann cumarsáide ECO tacaíocht dhíreach do na NCOnna freisin.

Déanann ECO **gníomhaíochtaí cumarsáide** fairsinge, lena n-áirítear an bhainistíocht ar chuntais **mheáin shóisialta EURES**, agus **316 926** leantóir aige ar Facebook, **42 636** leantóir aige ar Twitter, **6 390** leantóir aige ar Instagram (ón tráth a seoladh é in 2021), **73 008** leantóir aige ar LinkedIn chomh maith le **9 000 suibscríobhaí** agus **25 fhíseán** foilsithe ar YouTube. Ina theannta sin, comhroinneadh **níos mó ná 90 alt nuachta** ar thairseach EURES le linn na tréimhse tuairiscithe agus tá **nuachtlitreacha** inmheánacha agus seachtracha araon á ndáileadh go míosúil.

Cuireadh NCOnna EURES agus na Comhaltaí agus na Comhpháirtithe a ligeadh isteach leis an léarscáil ‘An tAontas Eorpach thart timpeall orm’[31] arna hóstáil ag an gCoimisiún.Is é atá sa léarscáil sin uirlis chun na lárionaid de chuid an Aontais atá gníomhach i ngach réigiún a aimsiú agus chun foghlaim faoi na seirbhísí a sholáthraíonn siad. Is é an chéad bheart eile na pointí seirbhíse áitiúla a chur isteach, Comhairleoirí EURES.

2.2.6 Anailís ar shoghluaisteacht gheografach agus ghairmiúil

De réir Airteagal 29 de Rialachán EURES, d’fhoilsigh an Coimisiún mar chuid dá shainordú chun anailís a dhéanamh ar threochtaí soghluaisteachta geografacha agus gairme **dhá thuarascáil maidir le soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas** (i.e., 2020[32] agus 2021[33]) ina bhfuil príomhfhaisnéis maidir le sreabha shoghluaisteacht an lucht saothair agus patrúin san Aontas agus i dtíortha CSTE, agus béim ar leith ar staid mhargadh an tsaothair de chuid oibrithe taistil agus ar ghné na hinscne. Ina theannta sin, agus faisnéis arna soláthar ag na NCOnna agus anailís ar an Suirbhé Eorpach ar an bhFórsa Saothair, **foilsíodh dhá thuarascáil staidéir maidir le gairmeacha barrachais agus ganntanais in 2020 agus 2021**.[34]

[28] Tharla an t-imeacht foghlama frithpháirtí sin an 30 Meán Fómhair 2021.
[29] Tharla an dá imeacht foghlama frithpháirtí sin i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus 2021 faoi seach.
[30] Tharla an dá imeacht foghlama frithpháirtí sin an 17 Meán Fómhair 2020 agus an 24 Feabhra 2022 faoi seach.
[31] Nasc: https://european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga.
[32] Tuarascáil bhliantúil ar shoghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas 2020.
[33] Tuarascáil bhliantúil ar shoghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas 2021.
[34] An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil maidir le Ganntanais agus Barrachais Lucht Saothair 2020 agus 2021.

2.2.7 Struchtúr comhair agus imréitigh iomchuí a fhorbairt le haghaidh printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna

Le linn na tréimhse tuairiscithe, níor spreag ECO aon iarracht bhreise chun an struchtúr comhair agus imréitigh a fhorbairt a thuilleadh le haghaidh printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna, cé gur mholadh ba ea é a rinneadh sa tuarascáil roimhe sin. Tá an méid sin amhlaidh mar gheall, go príomha, ar thosaíocht a thabhairt do leanúnachas gnó le linn aistriú ECO chuig ELA. Ina theannta sin, tá teorainneacha dlí ann i roinnt tíortha chun tacú leis an struchtúr imréitigh a fhorbairt a thuilleadh le haghaidh printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna.

2.2.8 Acmhainní airgeadais

Ó aistríodh feidhm ECO ón gCoimisiún chuig ELA, tháinig maoiniú oibríochtaí EURES ó shruthanna cistiúcháin éagsúla agus tá an tacaíocht chothrománach uile mar chuid de bhuiséad ELA anois. Ós rud é gur tharla aistriú na n-inniúlachtaí chuig ELA de réir a chéile, ní raibh na gníomhaíochtaí uile maoinithe cheana faoi bhuiséad ELA sna míonna luatha de 2021. D'fhág sin go raibh ELA in ann buiséad a bhí níos ísle, a bheag nó a mhór, a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí EURES i gcomparáid le 2022. In 2021, leis an líne bhuiséid sin cuireadh EUR 7,5 milliún ar fáil, rud a mhéadaigh chuig EUR 9,9 milliún in 2022[35].

3 CUR CHUN FEIDHME AN RIALACHÁIN SNA BALLSTÁIT

Leis an gcaibidil seo tugtar tuairisc ar conas a rinneadh na príomhathruithe a tugadh isteach le Rialachán EURES nua, i gcomparáid leis an mbunús dlí roimhe sin, a chur chun feidhme. Bhain na hathruithe i measc nithe eile leis na JVanna uile a bhí ar fáil go poiblí a tharchur, na CVanna uile ar lena n-aghaidh a thug na cuardaitheoirí poist a dtoiliú, JVanna agus CVanna a ionchódú leis an aicmiú Eorpach, leathnú líonra EURES chuig comhaltaí agus comhpháirtithe nua, agus tarchur printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna atá faoi réir caidreamh fostaíochta.

Tá an anailís sa roinn seo bunaithe ar shonraí a fuarthas go díreach ó na NCOnna chuig suirbhé agus seicliosta a scaipeadh chun críoch na Tuarascála Débhliantúla seo agus comhlánaítear í le foinsí eile faisnéise arna gcur ar fáil ag ECO. Le gach foroinn thíos téitear i ngleic le gnéithe éagsúla de chur chun feidhme Rialachán EURES agus tosaítear le tábla achomair[36] lena dtaispeántar na torthaí ón seicliosta cur chun feidhme a scaipeadh (féach an eochair eolais thíos). Déanfaidh an Coimisiún tuilleadh anailíse ar chomhlíontacht na mBallstát le ceanglais uile an Rialacháin agus déanfaidh sé bearta iomchuí, má mheastar gur gá sin.

[35] Tá an buiséad níos airde le haghaidh 2022, ós rud é go raibh ECO fós faoin gCoimisiún in 2021 go dtí an 26 Bealtaine 2021.

[36] Nuair nach luaitear aon fhoinse eile, tá na torthaí a chuirtear i láthair sna ranna thíos bunaithe ar na sonraí ó sheicliostaí na NCOnna agus suirbhéanna a scaipeadh chun críoch na tuarascála seo.
Tabhair do d'aire gurb é atá i ngníomhaíocht foghníomhaíochtaí éagsúla nach mionsonraítear sa tábla. Meastar go bhfuil gníomhaíocht curtha i gcrích (glas) má tá a foghníomhaíochtaí uile curtha i gcrích. Meastar go bhfuil gníomhaíocht neamhchríochnaithe (dearg) nuair nach bhfuil aon cheann dá foghníomhaíochtaí curtha i gcrích. Nuair nach bhfuil na foghníomhaíochtaí uile curtha i gcrích nó nuair is amhlaidh nach bhfuil siad uile neamhchríochnaithe ach oiread, meastar go bhfuil an ghníomhaíocht iomlán curtha i gcrích go páirteach (oráiste).

Eochair	
	Sonraí gan bheith ar fáil*
	Neamhbhainteach**
V	Críochnaithe
Δ	Curtha i gcrích go páirteach
X	Gan bheith curtha i gcrích

Eochair eolais na dtáblaí achoimre:

**Tuairiscíonn NCO nach bhfuil sonraí ar fáil nó níor tuairiscíodh aon sonra.*

3.1 Comhdhéanamh an líonra agus ábhair eagraíochtúla

I. Comhdhéanamh an líonra agus ábhair eagraíochtúla	AT	BE	BG	CY	CZ	DE	DK	EE	EL	ES	FI	FR	HR	HU	IE	IT	LT	LV	LU	MT	NL	PL	PT	RO	SI	SK	SE	CH	IS	LI	NO
Gníomhaíocht 1: Ainmniú na hOifige Náisiúnta um Chomhordú (Airteagal 9(1))	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V
Gníomhaíocht 2: Ainmniú ionadaí le haghaidh an Ghrúpa um Chomhordú (Airteagal 14)	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V
Gníomhaíocht 3: Ceapadh na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta atá ábhartha le haghaidh na ngníomhaíochtaí i líonra EURES mar Chomhaltaí EURES (Airteagal 10)	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	Δ	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	Δ	V	V	V

3.1.1 Cur chun Feidhme

Rinne tíortha EURES uile **NCOnna agus ionadaithe a ainmniú chuig ECG, agus cheap siad SPF mar Chomhaltaí EURES**. Foghníomhaíochtaí áirithe, agus na foghníomhaíochtaí sin amháin, ní mheastar go bhfuil siad curtha i gcrích go hiomlán le haghaidh na Cróite agus na hEilvéise a mhéid a bhaineann le hAirteagal 10.[37]

3.1.2 Dúshláin

Níor thuairiscigh tíortha EURES aon dúshlán sonrach i ndáil leis an tacar ceanglas sin.

3.2 Rialachas agus idirghníomhaíocht le heagraíochtaí lasmuigh de líonra EURES

II. Rialachas agus comhar le heagraíochtaí eile lasmuigh de EURES	AT	BE	BG	CY	CZ	DE	DK	EE	EL	ES	FI	FR	HR	HU	IE	IT	LT	LV	LU	MT	NL	PL	PT	RO	SI	SK	SE	CH	IS	LI	NO
Gníomhaíocht 1: Comhar a athbhunú le páirtithe leasmhara (Airteagal 9(7))	V	V	V	Δ	Δ	Δ	V	V	Δ	V	Δ	Δ	Δ	V	Δ	V	V	V	V	V	V	Δ	V	Δ	V	Δ	V	Δ	Δ		Δ
Gníomhaíocht 2: Comhar a athbhunú le seirbhísí agus líonraí faisnéise agus comhairleacha eile de chuid an Aontais (Airteagal 16(2))	V	V	V	Δ		Δ	V	V	Δ	V	Δ	Δ	V	V	Δ	V	V	V	V	V	V	V	V	Δ	V	V	V	Δ	Δ		V
Gníomhaíocht 3: Idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal náisiúnta (Airteagal 16(3))	V	V	V	Δ		V	V	V	Δ	V	Δ	Δ	V	V	V	V	V	V	V	V	V	Δ	Δ	V	V	Δ	V	Δ	Δ		
Gníomhaíocht 4: Comhar a bhunú le húdaráis inniúla ábhartha (Airteagal 26(2))	V	V	V	Δ		V	V	V	Δ	V	Δ	Δ	V	V	Δ	V	Δ	V	V	V	V	V	V	V	V	Δ	V	V	Δ		V

[37] Tugtar faoi deara go meastar go bhfuil Airteagal 3 'Ceapachán na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta ábhartha le haghaidh na ngníomhaíochtaí i líonra EURES mar Chomhaltaí EURES (Airteagal 10)' curtha i gcrích go páirteach le haghaidh na Cróite agus na hEilvéise. Go deimhin, cheap siad an SPF dá gcuid mar Chomhaltaí EURES ach níl foghníomhaíochtaí áirithe curtha i gcrích fós.
Maidir leis an Eilvéis, na foghníomhaíochtaí: 'ar thug tú fógra do ECO maidir leis an SPF a sainaithníodh agus ar sholáthair tú mínithe i gcás athruithe i gcomparáid leis an staid roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin?' agus 'I gcás athruithe i gcomparáid leis an staid roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin, ar chuir tú na hathruithe in iúl don SPF nach bhfuil le bheith rannpháirteach a thuilleadh agus ar tharraing tú a aird ar na hiarmhairtí?', tá siad curtha i gcrích go páirteach.
Maidir leis an gCróit, na foghníomhaíochtaí: 'I gcás athruithe i gcomparáid leis an staid roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin, ar chuir tú na hathruithe in iúl don SPF nach bhfuil le bheith rannpháirteach a thuilleadh agus ar tharraing tú a aird ar na hiarmhairtí?' agus 'I gcás athruithe i gcomparáid leis an staid roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin, ar chuir tú na mionsonraí in iúl don Deasc Chabhrach a mhéid a bhaineann le cuntais na gcomhaltaí foirne ar thairseach EURES atá le dúnadh agus leis an dáta óna ndéanfar amhlaidh?', tuairiscítear iad mar gan bheith ar fáil.

3.2.1 Cur chun Feidhme

Idir 2020 agus 2022, rinne nach mór na tíortha EURES uile roinnt beart chun **comhar agus idirphlé a fheabhsú le heagraíochtaí páirtithe leasmhara éagsúla**, leis na húdaráis inniúla agus le seirbhísí faisnéise agus comhairleacha de chuid an Aontais. Mar sin féin, d'fhág **paindéim COVID-19** gur dhoiligh na teagmhálacha tráthrialta a choimeád suas le páirtithe leasmhara.

Leis an bpaindéim léiríodh an tábhacht atá le struchtúir agus líonraí rialachais dea-fheidhmiúla. Le linn na géarchéime, léirigh comhairleoirí EURES athléimneacht agus lúfaireacht mar a d'oiriúnaigh siad go tapa don bhealach oibre ar líne agus d'athrú na dtosaíochtaí ina gcúraimí, lena n-áirítear faisnéis shonrach thráthúil maidir le bearta COVID-19 a sholáthar d'fhostóirí agus cuardaitheoirí poist, bunaithe ar fhaisnéis atá de shíor ag athrú.

Bhí EURES úsáideach go háirithe i réigiúin trasteorann ina raibh riachtanais phráinneacha ag fostóirí agus cuardaitheoirí poist fanacht ar an eolas maidir le bearta COVID-19. Mar shampla, chuaigh comhairleoirí EURES áirithe le meithleacha réigiúnacha maidir le dálaí oibre atá ag athrú go mear. Thuairiscigh NCOnna, cé go raibh an tréimhse sin ina tréimhse dhúshlánach, gur neartaíodh na naisc le páirtithe eile (e.g., an riarachán, comhlachais tráchtála, oibrithe agus cuideachtaí).

3.2.2 Dúshláin

Mar a bhí amlaidh roimhe sin, na príomhdhúshláin a leanann tíortha EURES de bheith ag déileáil leo tá siad nasctha leis an gcumarsáid le páirtithe leasmhara seachtracha, agus aimplíodh iad de dheasca na paindéime le linn na tréimhse tuairiscithe (féach an roinn thuas).

3.3 An líonra a leathnú

III. An líonra a leathnú	AT	BE	BG	CY	CZ	DE	DK	EE	EL	ES	FI	FR	HR	HU	IE	IT	LT	LV	LU	MT	NL	PL	PT	RO	SI	SK	SE	CH	IS	LI	NO
Gníomhaíocht 1: Ullmhúchán le haghaidh an chórais um ligean isteach (Airteagal 11)	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	Δ	X		√
Gníomhaíocht 2: Cur chun feidhme an chórais um ligean isteach (Airteagail 11 agus 12)	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	Δ	X		√
Gníomhaíocht 3: Comhlíontacht leis an ngníomh cur chun feidhme faoi Airteagal 11(8) *(má mholtar sin (gníomh cur chun feidhme roghnach) agus más amhlaidh, nuair atá sé i bhfeidhm)*	√	√	√	√		√	√	√	√	√		Δ	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√		X		√
Gníomhaíocht 4: Faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht na gComhaltaí agus na gComhpháirtithe	√	√	√	√		√	√	√		√		√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√		√	√	√	√	X	X		√

3.3.1 Cur chun Feidhme

Faoi dheireadh na tréimhse tuairiscithe, thug 27 dtír EURES fógra don Choimisiún maidir le **córas um ligean isteach** a bheith bunaithe le haghaidh Comhaltaí agus Comhpháirtithe, agus tá sé á chur chun feidhme ag seacht gcinn díobh. Cé go leanann formhór thíortha EURES de bheith ag obair ar líonra EURES a mhéadú, ní raibh cuid acu in ann tosaíocht a thabhairt do sin le linn phaindéim COVID-19. I ndeireadh na tréimhse tuairiscithe sin, bhí 26 Chomhalta phríobháideacha agus 62 Chomhpháirtí ligthe isteach ag líonra EURES as na 238 n-eagraíocht phoiblí agus phríobháideacha san iomlán.[38] Cé go raibh córais curtha ar bun cheana ag formhór na dtíortha **chun faireachán a dhéanamh ar**

[38] Tá an forbhreathnú iomlán ar Chomhaltaí agus Comhpháirtithe EURES uile le fáil anseo: https://eures.ec.europa.eu/eures-services/eures-your-country_ga.

chomhlíontacht Chomhaltaí agus Chomhpháirtithe EURES, bhí obair fós le déanamh i dtíortha áirithe.[39]

3.3.2 Dúshláin

Bhí an **méadú ar an líon Comhaltaí agus Comhpháirtithe nua níos moille ná mar a bhí coinne leis**. Tugadh an treocht sin faoi deara cheana sa Tuarascáil Dhébhliantúil roimhe sin agus bhí sí níos tábhachtaí fós sa tréimhse tuairiscithe atá ann faoi láthair de dheasca phaindéim COVID-19, rud a chuir iallach ar na NCOnna tosaíocht a thabhairt do chúraimí eile. Chuir tíortha áirithe ceanglais bhreise isteach chun go nglacfar leo mar Chomhalta nó Comhpháirtí EURES, ach d'fhéadfadh sé go gcuirfí cosc le fás líonra EURES de dheasca na gceanglas sin.

3.4 Folúntais agus malartuithe CV

IV. Sásraí malartaithe sonraí, infheictheacht agus rochtain ar uirlisí agus idir-inoibritheacht	AT	BE	BG	CY	CZ	DE	DK	EE	EL	ES	FI	FR	HR	HU	IE	IT	LT	LV	LU	MT	NL	PL	PT	RO	SI	SK	SE	CH	IS	LI	NO
Gníomhaíocht 1: Ullmhúchán le haghaidh an chur chuige nua i leith trédhearcacht JV agus CV (Airteagal 17)	V	V	Δ	V	Δ	V	V	V	V	V		V	Δ	Δ	V	V	V	V	V	V	V	V	V	Δ	V	V	V	Δ	Δ		V
Gníomhaíocht 2: Cumas chun faisnéis a chomhroinnt maidir le cleachtais náisiúnta agus saincheisteanna sonraí	V	Δ	V	V		V	V	V	V	V		V	Δ	Δ	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	Δ	Δ	Δ	Δ		Δ
Gníomhaíocht 3: Ullmhúchán le haghaidh an mhalartaithe maidir le Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna	V	X	V	X		V		Δ		Δ		Δ	Δ	X	X	V	V	X			V	V	Δ	Δ		Δ					V
Gníomhaíocht 4: Comhlíontacht leis an ngníomh cur chun feidhme faoi Airteagal 17(8)	V	V	V	V		V	V	V	V	V		V	Δ	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	Δ	V	X	Δ		V
Gníomhaíocht 5: Faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht na gComhaltaí agus, i gcás inarb iomchuí, na gComhpháirtithe	V	V	V	V		V	V	V	V	V		V	Δ	Δ	V	V	V	V	V	V	V	V		V	V	V	V	X	X		V
Gníomhaíocht 6: Infheictheacht EURES ar an leibhéal náisiúnta (Airteagal 18(1) agus 18(2))	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V		V	Δ	V	V	V	V	V		V	V	Δ	Δ	V	V	V	V	Δ	Δ		V
Gníomhaíocht 7: Rochtain theicniúil saor ó bhacainní ar shonraí thairseach EURES le haghaidh láimhseálaithe cáis (Airteagal 18(3) agus aithris 32)	V	V	V	V	Δ	Δ	V	V	V	V		V	Δ	V	V	Δ	V	V	V	V	V	Δ	Δ	Δ	V	V	V	Δ	Δ		V
Gníomhaíocht 8: Cainéal comhordaithe aonair (Airteagal 9(2) pointe (a) agus Airteagal 18(4))	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V		V	Δ	Δ	V	V	V	Δ	V	V	V	Δ	Δ	V	V	V	V	Δ	Δ		V
Gníomhaíocht 9: Meaitseáil uathoibrithe (Airteagal 19)	V	V	V		Δ	Δ	V	Δ	V	V		Δ	Δ	Δ	Δ	V	Δ	V	V	V	V	Δ	V	Δ	V	Δ	V	Δ	Δ		Δ
Gníomhaíocht 10: Comhlíontacht leis an ngníomh cur chun feidhme faoi Airteagal 19(6)	V	V	Δ	V		V	V	V	V	V		V	Δ	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V		V	V	V	Δ	Δ		V

3.4.1 Cur chun Feidhme

Le forálacha Airteagal 17(1) de Rialachán EURES leagadh amach gur cheart do thíortha na folúntais uile atá ar fáil go poiblí agus na hiarratais ar phoist nó na CVanna uile a aistriú chuig tairseach EURES i gcás inar thoiligh an t-oibrí leis an bhfaisnéis a chur ar fáil do EURES freisin. Faoi dheireadh na tréimhse tuairiscithe, **bhí córais curtha ar bun ag tíortha EURES uile ar an leibhéal náisiúnta** chun **Folúntais (JVanna)** a aistriú chuig tairseach EURES. A mhéid a bhaineann le **Cvanna**, **bhí córais á gcur ar bun nó curtha ar bun ag 28 dtír EURES** ar an leibhéal náisiúnta chun a n-aistriú chuig tairseach EURES a cheadú[40] trí chainéal comhordaithe aonair amháin.

Bhí glacadh nó mapáil **ESCO** chuig córais aicmithe bhunaithe agus tarchur CVanna agus JVanna san fhormáid chomhaontaithe ar bun i rith an ama[41]. Ón tuarascáil dheireanach, bhí iarrachtaí déanta ag

[39] Luaigh NCO amháin gur cruthaíodh moilleanna áirithe sa phróiseas sin de dheasca na paindéime agus nach bhfuil na hacmhainní aige chun faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíontacht. Luaigh cuid acu freisin nach bhfuil Comhaltaí ná Comhpháirtithe acu fós.

[40] Cumasaíodh 30 pointe nasctha chun CVanna a aistriú chuig an tairseach. Tugtar faoi deara gurb ann do thrí pointe nasctha le haghaidh na Beilge (BE Actiris, BE Forem agus BE VDAB).

[41] Ba cheart a thabhairt faoi deara gur oibleagáid dhlíthiúil é an cur chun feidhme arna dhéanamh ag tíortha EURES ar ghlacadh nó mapáil ESCO lenar féidir CVanna agus JVanna a chomhroinnt i measc an líonra. Déanann an Coimisiún

formhór thíortha EURES chun ESCO a mhapáil nó a ghlacadh. Ó mhí an Mheithimh 2022, bhí ESCO mapáilte cheana ag **18 dtír EURES** chuig a gcórais aicmithe náisiúnta. Bhí ESCO glactha cheana ag ceithre thír EURES eile. Bhí ESCO mapáilte ag **trí thír EURES** chuig a gcreataí scileanna náisiúnta. Bhí sé glactha cheana ag **ceithre thír** eile **de chuid EURES**.

3.4.2 Dúshláin

I ndáil le cleachtais **ghlactha nó mhapála ESCO**, ní raibh tíortha EURES uile in ann a n-oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh fós. Leanann deacrachtaí ar aghaidh maidir leis an gcomhlíontacht leis na caighdeáin theicniúla a sholáthraítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2018/1021 chun na táblaí mapála a fhormáidiú, rudaí atá fíor-riachtanach chun idir-inoibritheacht a chumasú laistigh d'ardán TF coiteann EURES. Athraíonn cáilíocht na mapálacha bunaithe (idir córais aicmithe náisiúnta agus ESCO) ar fud na dtíortha agus beidh sí faoi réir athbhreithniú. Tá úsáid cheart na gcaidreamh mapála forordaithe ina hábhar imní ó thaobh aonchineálachta agus comhsheasmhachta ós rud é go bhfuil sé ríthábhachtach mapálacha ardcháilíochta a áirithiú chun meaitseáil uathoibrithe a chur chun feidhme go rathúil ar an tairseach.

Maidir le CVanna a aistriú chuig tairseach EURES, níor chuir na NCOnna an t-aistriú sin chun feidhme fós agus chuir siad i dtábhacht gur minic gurb é is cúis leis sin saincheisteanna TF **ar an leibhéal náisiúnta**[42]. I bhfianaise an lín CVanna agus JVanna a aistrítear chuig tairseach EURES, is cosúil go leanann an méid de bheith íseal, go háirithe le haghaidh CVanna a aistríonn cuid de na NCOnna.

3.5 Seirbhísí Tacaíochta

V. Seirbhísí tacaíochta	AT	BE	BG	CY	CZ	DE	DK	EE	EL	ES	FI	FR	HR	HU	IE	IT	LT	LV	LU	MT	NL	PL	PT	RO	SI	SK	SE	CH	IS	LI	NO
Gníomhaíocht 1: Leanúnachas a áirithiú trí SPF	V	V	V	V		V	V	V	V	V		V	Δ	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V			V
Gníomhaíocht 2: Cúnamh le clárú ar thairseach EURES (Airteagal 20)	V	V	V	V		V	V	V	V	V		V	Δ	V	Δ	V	V	V	V	V	V	Δ	Δ	V	V	Δ	V	Δ			Δ
Gníomhaíocht 3: Bunfhaisnéis maidir le EURES (Airteagal 22)	V	V	V	V		V	V	V	V	V		V	V	V	Δ	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	Δ			V
Gníomhaíocht 4: Faireachán a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm arna dhéanamh ag Comhaltaí agus Comhpháirtithe	V	V	V	V		V	V	V	V	V		V	Δ	V	Δ	V	Δ	V	Δ	V	V	Δ	V	V	Δ	V	V	Δ	Δ		Δ
Gníomhaíocht 5: Seirbhísí tacaíochta i réigiúin trasteorann	V	V	V			V	V	V		V		V	Δ	V	Δ	V	Δ	V	V	V	V	V	V	V	V	Δ	V	V			
Gníomhaíocht 6: Tacaíocht soghluaisteachta a phríomhshruthú i mbearta gníomhacha mhargadh an tsaothair (Airteagal 28, aithris 46)	V	V	V		Δ	V	V	V	V	V		V		V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	Δ	V		

3.5.1 Cur chun Feidhme

Thuairiscigh tíortha EURES uile gníomhaíochtaí agus bearta chun **leanúnachas** a áirithiú i soláthar seirbhísí tacaíochta le haghaidh cuardaitheoirí poist agus fostóirí tríd an SPF náisiúnta dá gcuid. I réimse **an chúnaimh agus na faisnéise le haghaidh oibrithe agus fostóirí** maidir le conas clárú ar thairseach EURES agus úsáid a bhaint aisti, d'áirithigh tíortha EURES uile go raibh na ceanglais á gcomhlíonadh ag na heagraíochtaí a ligeadh isteach le déanaí sa líonra aon uair a chuaigh siad isteach sa líonra. B'amhlaidh an cás freisin le haghaidh **soláthar bunfhaisnéise maidir le tairseach EURES**,

maoirseacht ar chomhlíontacht thíortha EURES agus rinne sé teagmháil leis na tíortha nach bhfuil comhlíontach fós chun soiléirithe áirithe a iarraidh.

[42] Luaigh NCO amháin athruithe ar a gcórais TF lenar íslíodh an líon CVanna a aistríodh de dheasca na deacrachta a bhain leis sin. Luaigh NCO eile go bhfuil sé fós ag obair ar an gcomhéadan teicniúil chun aistriú CVanna a chumasú, agus luaigh NCO eile gur gá dó a chomhéadan a thástáil fós.

lena n-áirítear an bunachar sonraí CV, agus líonra EURES, lena n-áirítear sonraí teagmhála Chomhaltaí agus Chomhpháirtithe ábhartha EURES ar an leibhéal náisiúnta.

Seirbhísí tacaíochta i réigiúin trasteorann, soláthraítear iad trí Chomhaltaí agus Comhpháirtithe EURES freisin. Le linn na tréimhse tuairiscithe atá ann faoi láthair, mhéadaigh an líon tíortha EURES a sholáthraíonn faisnéis d'oibrithe trasteorann ó 14 go dtí 20, agus bhí an méid sin i gcomhréir le ceann de na moltaí a rinneadh i Meastóireacht *ex post* EURES[43].

I gcomhréir le Rialachán EURES[44], shainaithin 24 thír EURES **bearta gníomhacha mhargadh an tsaothair chun na deiseanna fostaíochta a mhéadú le haghaidh cuardaitheoirí poist, chun feabhas a chur ar mheaitseáil idir folúntais agus cuardaitheoirí poist** agus chun cúnamh a sholáthar do na cuardaitheoirí poist bunaithe ar na bearta sin. D'áirithigh cuid acu freisin nach bhfuil na bearta sin teoranta a thuilleadh do chúnamh chun post a chuardach ar an leibhéal náisiúnta ach gur féidir iad a úsáid freisin chun fostaíocht a aimsiú ar chríoch Ballstáit eile. Bhí an cúnamh sin fós á chumasú ag dhá thír EURES eile.

3.5.2 Dúshláin

Bhí deacrachtaí ag roinnt úsáideoirí logáil isteach sa tairseach (e.g., modhanna logála cóid QR nach dtacaítear leo i ngach tír) agus cuireadh agaí neamhfhónaimh ócáideacha áirithe de chuid na tairsí i dtábhacht freisin mar dheiseanna chun rochtain ar an tairseach a fheabhsú[45].

3.6 Malartú faisnéise, clársceidealú agus tomhas feidhmíochta

VI. Malartú faisnéise, clársceidealú agus tomhas feidhmíochta	AT	BE	BG	CY	CZ	DE	DK	EE	EL	ES	FI	FR	HR	HU	IE	IT	LT	LV	LU	MT	NL	PL	PT	RO	SI	SK	SE	CH	IS	LI	NO
Gníomhaíocht 1: Malartú faisnéise	V	V	V	Δ	Δ	Δ	V	V	Δ	V		Δ	V	Δ	V	V	V	V	V	V	V	Δ	V	V	V	Δ	Δ	Δ	Δ		V
Gníomhaíocht 2: Comhlíontacht leis an ngníomh cur chun feidhme faoi Airteagal 31(5)	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	Δ	V		V
Gníomhaíocht 3: Comhlíontacht leis an ngníomh cur chun feidhme faoi Airteagal 32(4)	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V	V		V

3.6.1 Cur chun Feidhme

Sa suirbhé, luaigh gach tír EURES seachas ceann amháin go bhfuil **faisnéis á bailiú acu maidir lena staid i margadh an tsaothair** (lena n-áirítear ganntanais agus barrachais). Athraíonn an méid a dhéantar anailís ó thír go chéile. Is iad na príomhchomhlachtaí a dhéanann an anailís margaidh saothair sin, mar shampla, **biúrónna staidrimh náisiúnta nó ranna staidrimh SPF**. Is minic a bhailítear na sonraí is gá agus úsáid á baint as na teimpléid agus na formáidí arna soláthar ag ECO. Déantar an fhaisnéis a bhailítear agus a anailísítear a chomhroinnt ansin ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trína huaslódáil ar thairseach EURES i dteannta an tuairiscithe gníomhaíochta.

I ndáil leis an bhfaisnéis maidir le gníomhaíochtaí náisiúnta, bailíonn agus comhroinneann NCOnna í agus úsáid á baint as **PMS** agus as **Cláir Oibre agus Tuarascálacha ar Ghníomhaíochtaí PC** chomh maith leis sin. Leis sin áirítear, mar shampla, struchtúr a samhla rialachais, cáilíochtaí agus líon

[43] Meastóireachtaí ex post EURES: https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=738&langId=en&pubId=8370&furtherPubs=yes, p. 12.
[44] Rialachán EURES, Airt. 28 agus Aithris 46.
[45] Bhí na hagaí neamhfhónaimh sin idir 2 uair an chloig agus deich n-uair an chloig an ceann agus fógraíodh iad i gcónaí 1 seachtain amháin roimhe ré do na páirtithe leasmhara uile.

fhoireann EURES, chomh maith lena réimsí gníomhaíochta. Comhroinntear faisnéis Comhaltaí agus Comhpháirtithe nua freisin. Ina theannta sin, luaigh roinnt tíortha EURES go ndéanann siad **suirbhéanna ar shásamh na gcustaiméirí** chun leanúint d'fheabhas a chur ar a seirbhísí agus ar a n-imeachtaí.

3.6.2 Dúshláin

Thuairiscigh tíortha EURES áirithe go raibh saincheisteanna ann maidir le bailiú sonraí agus tuairisciú le haghaidh PMS agus PC araon, agus an t-ualach oibre nasctha leis na tuarascálacha sin á chur i dtábhacht. I gcás cuid de na sásraí tuairiscithe, sholáthair NCOnna sonraí garbha (e.g., an líon teagmhálacha, an líon socrúchán iarbhír, an t-aga freagartha) de dheasca infhaighteacht sonraí theoranta. Mar sin féin, rinneadh bearta chun feabhas a chur ar chórais TF inmheánacha.

3.7 Moltaí ar ar tugadh aghaidh ón tréimhse tuairiscithe roimhe sin

Leis an Tuarascáil Dhébhliantúil le haghaidh na tréimhse 2018-2020 sainaithníodh gníomhaíochtaí áirithe[46] mar thosaíochtaí le haghaidh na tréimhse tuairiscithe atá ann faoi láthair. Leis an roinn seo soláthraítear mionsonraí maidir leis an méid ar tugadh aghaidh air sin le linn na tréimhse 2020-2022 agus leagtar amach an dul chun cinn a rinneadh go hachomair.

Uimh. 1 Atosú EURES
Chun tús a chur le gníomhaíochtaí EURES tar éis dheireadh na srianta dianghlasála, chuidigh na NCOnna chun feasacht a mhúscailt maidir le EURES agus lena ghníomhaíochtaí tríd an bhfeachtas '#EURESmovingforward' arna fhorbairt ag ECO. Seoladh an feachtas sin i mí na Nollag 2020 agus ba é is aidhm dó feasacht a mhúscailt maidir le EURES a bheith ann agus lena ghníomhaíochtaí.

Uimh. 2 Méadú an líonra
Mar a luadh faoi Roinn 3.3.1, rinne tíortha EURES uile seachas dhá cheann an obair is gá chun córas um ligean isteach a bhunú le haghaidh Comhaltaí agus Comhpháirtithe nua. Tá formhór thíortha EURES ag féachaint go gníomhach lena líonra EURES náisiúnta a mhéadú.

Leis an straitéis cumarsáide nua rannchuidíodh leis na hiarrachtaí chun leathnú líonra EURES a luasghéarú. Ina theannta sin, chomhlánaigh ECO an treoir chun an líonra a leathnú d'fhonn cúnamh a thabhairt do NCOnna lena n-iarrachtaí.

Uimh. 3 Idir-inoibritheacht agus forbairtí TF
I ndeireadh na tréimhse tuairiscithe i mí an Mheithimh 2022, bhí 22 thír EURES nasctha leis an gcainéal comhordaithe aonair agus bhí an nasc is gá á bhunú ag 7 dtír EURES bhreise. (11 in 2020). I bhfocail eile, bhí an próiseas curtha i gcrích ag 29 dtír EURES nó bhí siad ag obair air[47], i gcomparáid le 23 sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin[48].

Rinne formhór thíortha EURES iarrachtaí chun ESCO a mhapáil agus a ghlacadh. Leis an Tuarascáil Dhébhliantúil dheireanach luadh go raibh 16 thír EURES (seachas an Ríocht Aontaithe) comhlíontach leis an ngníomh cur chun feidhme faoi Airteagal 17(8) de Rialachán EURES agus go raibh cúig thír EURES eile comhlíontach go páirteach. Anois, tá an líon tíortha EURES comhlíontacha ardaithe go dtí 24. A mhéid a bhaineann le malartú CVanna agus JVanna tríd an gcainéal comhordaithe aonair, leanann an líon CVanna arna malartú ag tíortha EURES áirithe de bheith íseal.

[46] Is féidir teacht ar na moltaí iomlána sa Tuarascáil Dhébhliantúil 2018-2020 (féach https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52021DC0046).
[47] Is gá a lua nár thuairiscigh 2 thír aon rud maidir lena nasc leis an gcainéal comhordaithe aonair.
[48] Bhí an nasc chuig an gcainéal comhordaithe aonair á bhunú ag 11 tír EURES agus bhí 12 thír nasctha faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2020.

Uimh. 4 Forbairt sheirbhísí EURES
Mar a luaitear i Roinn 3.6.1 is amhlaidh a bhailíonn gach ceann de thíortha EURES faisnéis maidir lena staid i margadh an tsaothair. Cé go n-athraíonn leibhéal na mionsonraí agus na sonraí sonracha a chomhroinntear le haghaidh gach tíre, tá na sonraí sin á gcomhroinnt ag níos mó agus níos mó tíortha ar bhealach níos doimhne, rud a bhí ina chuidiú chun gníomhaíochtaí agus cuspóirí EURES a threisiú.

4 CUR CHUN FEIDHME AN RIALACHÁIN ARNA DHÉANAMH AG AN GCOIMISIÚN EORPACH AGUS AG AN OIFIG EORPACH COMHORDÚCHÁIN

Leis an roinn seo soláthraítear forbhreathnú ar staid na himeartha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán EURES ar leibhéal an Aontais mar a cheanglaítear leis an dara fomhír d'Airteagal 33 de Rialachán EURES, agus an dathchódú céanna a úsáidtear i Roinn 3 á chur i bhfeidhm.

4.1 Ceanglais an Rialacháin

Réimsí ghníomhaíochtaí ECO	Stádas
Gníomhaíochtaí tacaíochta cothrománacha a sholáthar chun tairbhe do líonra EURES	V
Ullmhú le haghaidh chur i bhfeidhm Rialachán EURES	V
Líonrú, foghlaim fhrithpháirteach agus malartú dea-chleachtas a éascú (Airteagal 8)	V
Gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide maidir le líonra EURES (Airteagal 1 – 8)	V
Clár oiliúna a sholáthar le haghaidh na NCOnna agus Chomhaltaí nó Chomhpháirtithe EURES (Airteagal 8)	V
Tacaíocht le haghaidh leathnú an líonra agus na gcóras um ligean isteach (Airteagal 3 – 7 – 11)	V
Timthriall cláreagraithe agus malartú faisnéise mhargadh an tsaothair lena n-áirítear anailís chomhpháirteach	V
Tairseach EURES (lena n-áirítear feidhm na deisce cabhrach) agus an t-ardán idir-inoibritheachta a fhorbairt agus a oibriú	V
Feidhmíocht a thomhas agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn	V
Bainistíocht agus idirphlé ar leibhéal an Aontais	V

4.2 Cur chun Feidhme

Sa bhreis ar ECO a aistriú ón gCoimisiún chuig ELA le linn na tréimhse tuairiscithe, lean ECO de **thacaíocht chothrománach** a sholáthar do líonra EURES, go háirithe:

- An **treoraíocht chur chun feidhme** is gá a sholáthar d'eagraíochtaí EURES ar an leibhéal náisiúnta, e.g., oiliúint, imeachtaí foghlama frithpháirtí, cruinnithe comhordúcháin agus meithleacha.
- Tacaíocht a thabhairt do **líonrú agus foghlaim**, lena n-áirítear imeachtaí foghlama frithpháirtí a eagrú maidir le hábhair éagsúla agus tacaíocht a thabhairt do líonrú agus pléití déthaobhacha le linn na gceardlann bliantúil maidir le PC. Ina theannta sin, athnuadh eislíon EURES go hiomlán chun feabhas a chur ar infhaighteacht na n-acmhainní tiomnaithe agus níos mó líonraithe a éascú idir na NCOnna.
- **Gníomhaíochtaí oiliúna** a sholáthar do Chomhaltaí agus Comhpháirtithe EURES. Treisíodh an t-ionchur ó na NCOnna chun oiliúint shaincheaptha a chruthú maidir le hábhair ar mhaith leo léargas breise a fháil orthu.
- Feasacht a mhúscailt maidir le EURES trí **ghníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide** agus trí thacaíocht chumarsáide a sholáthar do thíortha EURES. Stiúir ECO iarrachtaí cumarsáide agus bhunaigh sé straitéis cumarsáide nua in 2021 chun feabhas a chur ar bhrandáil agus infheictheacht EURES go hinmheánach agus go seachtrach araon (mar a moladh leis an meastóireacht *ex post*).
- Tacaíocht a thabhairt do **leathnú an líonra** trí imeachtaí foghlama frithpháirtí, seisiúin oiliúna, pléití i gcruinnithe ECG, chomh maith le meitheal a chur ar bun maidir leis an ábhar agus sainordú aici chun tacar treoirlínte agus sraith straitéisí a tháirgeadh maidir leis an gcóras um

ligean isteach, leis an bpróiseas um athligean isteach, le hionduchtú Comhaltaí agus Comhpháirtithe nua agus le bheith ag obair mar líonra EURES méadaithe.

- Feabhas a chur ar **thairseach EURES** trí nuashonruithe a bhfuil sé d'aidhm acu a so-úsáidteacht, a slándáil agus a hinoiriúnaitheacht a mhéadú (agus aghaidh á tabhairt ar mholadh a rinneadh sa mheastóireacht *ex post*). Mar sin féin, tá cur chun feidhme na meaitseála uathoibrithe agus cur ar bun an bhonneagair theicniúil is gá tite ar gcúl. Is gá an méid sin a chur ar bun chun go bhféadfaidh Comhaltaí agus Comhpháirtithe EURES rochtain dhíreach a fháil ar JVanna agus CVanna EURES trína n-ardáin féin.[49]
- Treoraíocht a sholáthar do thíortha EURES a d'aistrigh tairiscintí **printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna** do thairseach EURES.

4.3 Dúshláin

Próiseas céimseach **aistriú inniúlachtaí** ECO ón gCoimisiún chuig ELA, thosaigh sé i gcomhthreo leis an gcéad tréimhse dianghlasála i mí an Mhárta 2020. De dheasca na dianghlasála coisceadh ar na foirne an t-aistriú a dhéanamh mar a beartaíodh. Ós rud é nach raibh aon duine de chomhaltaí foirne an Choimisiúin ó ECO ag aistriú chuig ELA, bhí sé ríthábhachtach aistriú eolais críochnúil a eagrú. Bhí sé beartaithe ag an dá fhoireann go 'leanfadh' comhaltaí foirne ELA an fhoireann a bhí ag obair ar ECO ag an gCoimisiún go pearsanta ar feadh roinnt míonna chun leanúnachas gnó a áirithiú agus eolas a fháil ar na cúraimí, ach ní raibh an méid sin indéanta de dheasca na srianta COVID-19. Ba ghá do na foirne ionduchtú ELA a eagrú ar líne agus bhí cuid mhór ama agus acmhainní ag teastáil ón gCoimisiún agus ELA mar gheall ar an gcastacht bhreise a cruthaíodh de dheasca staid na paindéime agus a dhodhéanta a bhí sé teacht le chéile go fisiceach.[50] I ndeireadh na tréimhse tuairiscithe, dhearbhaigh ELA go raibh sé compordach ina fheidhmeanna ECO agus go bhféadfaí a mheas gur cuireadh an t-aistriú i gcrích go rathúil.

4.4 Moltaí ar ar tugadh aghaidh ón tréimhse tuairiscithe roimhe sin

Leis an dara Tuarascáil Dhébhliantúil de chuid EURES ó 2018-2020 cuireadh gníomhaíochtaí áirithe i dtábhacht mar thosaíochtaí le haghaidh ECO. Leis an tuarascáil déantar idirdhealú idir bearta a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún agus ELA, de réir na háite a raibh ECO go heagraíochtúil. Sannadh na moltaí seo a leanas do **ECO laistigh den** Choimisiún (roimh an aistriú) mar chuid den tréimhse tuairiscithe roimhe sin:

Uimh. 1 Aistriú ECO chuig ELA
Mar a luadh faoin roinn cur chun feidhme, cuireadh aistriú ECO chuig ELA i gcrích go rathúil le linn na tréimhse tuairiscithe, d'ainneoin na ndeacrachtaí a rinneadh de dheasca na paindéime.

Uimh. 2 Tacaíocht a thabhairt d'atosú ghníomhaíochtaí EURES
Chun tús a chur le gníomhaíochtaí EURES tar éis do dheireadh na srianta dianghlasála, d'fhorbair ECO an feachtas 'Ag Aistriú ar Aghaidh'. Reáchtáladh an feachtas sin idir mí na Nollag 2020 agus mí Feabhra 2021 chun feasacht a mhúscailt maidir le EURES a bheith ann agus lena ghníomhaíochtaí. Bhí rath ar an bhfeachtas cumarsáide sin. Le #EURESmovingforward sroicheadh 12 mhilliún duine agus

[49] Féach Rialachán EURES, agus go háirithe Caibidil III.
[50] Ós rud é go leanann forbairt agus cothabháil thairseach EURES de bheith faoi chúram an Choimisiúin tar éis do ECO aistriú chuig ELA, áirithíodh leanúnachas maidir leis sin.

ghlac níos mó ná 16 000 úsáideoir páirt i quiz EURES ‘Cén tír Eorpach atá ceart duit?’. Thairis sin, léiríodh cúig fhíseán nua ar EURES agus seoladh an cainéal nua Instagram de chuid EURES[51].

Uimh. 3 Tacaíocht le haghaidh na n-oibrithe is mó dá ndearnadh difear de dheasca na paindéime a neartú

I dteannta an fheachtais ghinearálta ‘Ag Aistriú ar Aghaidh’, spriocdhíríodh ar ghrúpaí sonracha oibrithe le hiarrachtaí cumarsáide níos sonraí. Mar shampla, chun cuidiú le hoibrithe séasúracha a chosaint agus na bacainní atá rompu a mhaolú, ghlac líonra EURES páirt san fheachtas ‘Rights4AllSeasons’. Seoladh é i gcomhpháirtíocht leis an gCoimisiún, leis an Ardán Eorpach lena dtéitear i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, le tíortha an Aontais agus le comhpháirtithe sóisialta. Leis an bhfeachtas sin, chuidigh líonra EURES le feasacht a mhúscailt maidir leis na cearta, na hoibleagáidí agus na seirbhísí comhairleoireachta atá ann, ar ann dóibh chun coinníollacha cothroma a áirithiú le haghaidh earcaíocht shéasúrach.

Uimh. 4 Úsáid CSE+ a chur chun cinn agus tacú leis sin chun gníomhaíochtaí EURES a chistiú

Le haghaidh chlárthréimhse CSE+ 2021-2027, chuir an Coimisiún agus ECO úsáid CSE+ chun cinn go fairsing chun gníomhaíochtaí EURES a chistiú.

Uimh. 5 Leanúint de na huirlisí tuairiscithe a fhorbairt

Aithníonn an Coimisiún agus ECO go bhfuil na ceanglais tuairiscithe le haghaidh na NCOnna agus na gComhaltaí agus na gComhpháirtithe ina n-ualach orthu. Mar sin féin, is príomh-chomhpháirt de Rialachán EURES é tuairisciú ar ghníomhaíochtaí EURES agus mheas an reachtóir go raibh gá leis sin. Chun cuid den ualach sin a laghdú, rinneadh Uirlis TF nua a rolladh amach lenar cuireadh é ar a gcumas do NCOnna a sonraí a líonadh isteach ar bhealach níos so-úsáidte. Tá tuilleadh machnamh ar bun maidir leis an ábhar (e.g. maidir le gníomhaíochtaí PMS agus PC a chomhchuibhiú nó a mhaolú a thuilleadh).

Uimh. 6 Malartú forleathan printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna a fhorbairt

Le linn na tréimhse tuairiscithe, ní dhearnadh aon bheart sonrach maidir leis an ábhar sin ós rud é gur tugadh tosaíocht d’aistriú ECO agus éilíodh acmhainní uile ECO chun leanúnachas gnó a áirithiú. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí aon infheistíocht bhreise a dhéanamh san ábhar sin le linn na tréimhse.

Uimh. 7 Tuilleadh feabhais a chur ar thairseach EURES

Lean an Coimisiún agus ELA (nuair a aistríodh ECO) d’athruithe a chur chun feidhme ar thairseach EURES chun feabhas a chur ar a so-úsáidteacht. Coiste Stiúrtha TF a raibh sé d’aidhm aige an próiseas comhordúcháin, pleanála agus cinnteoireachta a éascú maidir le hábhair a bhaineann leis an tairseach, cruthaíodh é freisin chun teacht ar chomhaontú maidir le forbairtí amach anseo ar thairseach EURES.

Bhí na moltaí seo a leanas curtha i leith na **hOifige Eorpaí Comhordúcháin arna bainistiú ag an Údarás Eorpach Saothair**:

Uimh. 1 Aistriú ECO a chur i gcrích

Mar a luadh faoin roinn cur chun feidhme, cuireadh aistriú ECO chuig ELA i gcrích go rathúil le linn na tréimhse tuairiscithe.

Uimh. 2 Tacaíocht a thabhairt do shoghluaisteacht chothrom

Tá sé de phríomhchuspóir ag gníomhaíochtaí EURES soghluaisteacht chothrom a mhéadú idir tíortha EURES. Beart amháin chun an tacaíocht a thairgtear do thíortha EURES a neartú a thuilleadh ba ea aistriú fheidhm tacaíochta oibríochtúla ECO ón gCoimisiún chuig ELA, ós rud é go bhfágann sin go bhfuil sé níos fusa do ECO oibriú níos dlúithe le seirbhísí tacaíochta tábhachtacha eile le haghaidh na dtíortha agus na saoránach as a bhfuil ELA freagrach. Le linn na tréimhse tuairiscithe, tionscadail agus imeachtaí éagsúla arna n-eagrú ag NCOnna chun tacú le soghluaisteacht chothrom, fuair siad tacaíocht

[51] Le fáil ag: https://www.instagram.com/euresjobs/.

ó ECO nuair ba ghá. Rannchuidigh ECO freisin le príomhiarrachtaí cumarsáide agus stiúir sé iad amhail an feachtas ‘Ag Aistriú ar Aghaidh’ agus feachtais níos sonraí (e.g., Cearta le haghaidh gach séasúir).

Uimh. 3 Cumarsáid EURES a neartú a thuilleadh
Le linn na tréimhse tuairiscithe sin, bhí neartú chumarsáid EURES ar cheann de na príomhphointí forbartha. Forbraíodh straitéis cumarsáide nua, agus chuir ELA cistiú breise ar fáil chun méadú a dhéanamh ar fheasacht inmheánach agus sheachtrach araon ar bhranda agus gníomhaíochtaí EURES.

Uimh. 4 Acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh le haghaidh oibríochtaí EURES
Ós rud é gur tharla aistriú na n-inniúlachtaí chuig ELA de réir a chéile, ní raibh na gníomhaíochtaí uile maoinithe cheana faoi bhuiséad ELA sna míonna luatha de 2021. Dá bharr sin, rinne ELA buiséad a bhí níos ísle, a bheag nó a mhór, a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí EURES in 2021 i gcomparáid le 2022. In 2021, d’infheistigh ELA EUR 7,5 milliún ina ghníomhaíochtaí EURES, rud a d’ardaigh chuig EUR 9,9 milliún in 2022.

5 CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

5.1 Conclúidí

Chun an t-athchóiriú ar EURES a bhaint amach agus chun soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a áirithiú laistigh den Aontas, le Rialachán EURES 2016 leagadh síos roinnt ceanglas le haghaidh líonra EURES. Taobh leis na ceanglais sin, le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1149 sainmhíníodh gur ghá ECO a aistriú ón gCoimisiún chuig ELA roimh mhí Lúnasa 2021. Déileáladh leis na cuspóirí sin uile le linn phaindéim COVID-19, tréimhse ina raibh cuid mhór éiginnteachta mar gheall ar na srianta dianghlasála lena ndearnadh difear, i measc nithe eile, do chomhar agus taisteal trasteorann.

Tugadh aistriú ECO ón gCoimisiún chuig ELA chun críche i mí na Bealtaine 2021, tar éis comhar dian idir an dá údarás. Ó thráth an chur i gcrích, tháinig ECO in ELA chun bheith mar úinéir córais thairseach EURES, agus leanann an Coimisiún de bheith freagrach (ó thaobh oibríochtúil de) as oibriú agus forbairt theicniúil thairseach EURES agus seirbhísí TF gaolmhara.

Is gá aghaidh a thabhairt fós ar dhúshláin áirithe, go háirithe na cinn a bhaineann le leathnú an líonra agus fáiltiú roimh níos mó Comhaltaí agus Comhpháirtithe.

5.2 Moladh le haghaidh thíortha EURES

Ag tógáil ar phríomhthorthaí an stádais cur chun feidhme agus ar na dúshláin atá fágtha a sainaithníodh sa tuarascáil seo, déantar achoimre ar na príomhthosaíochtaí le haghaidh na chéad tréimhse tuairiscithe eile mar a leanas:

Uimh. 1 Leanúint d'infheistiú i méadú an líonra
Bhí méadú an líonra ina thosaíocht le haghaidh líonra EURES ó tháinig an rialachán is déanaí i bhfeidhm. Ós rud é go raibh an fás níos moille ná mar a bhí coinne leis (níl Comhaltaí ná Comhpháirtithe féideartha sách meallta), ba cheart do na NCOnna straitéisí soiléire a leagan amach maidir lena bhfuil i gceist le comhdhéanamh nua líonra EURES le haghaidh a samhla seirbhíse agus a n-oibríochtaí, maidir leis an duine ar cheart dul chun cainte leis agus conas a áirithiú gurb é a thagann as méadú an líonra seirbhísí níos fearr le haghaidh thairbhithe EURES.

Uimh. 2 Cainéil chumarsáide a shainiú go soiléir
Tá an chumarsáid ríthábhachtach chun feasacht ar bhranda EURES a neartú. Chun tionchar chumarsáid EURES a uasmhéadú, is den tábhacht a bheith ar an eolas maidir leis na cainéil ar cheart díriú orthu agus faisnéis á scaipeadh. Leis an straitéis cumarsáide nua téitear i ngleic leis sin cheana. Chun aiseolas níos mionsonraithe a fháil ar éifeachtacht na gcainéal cumarsáide éagsúil, d'fhéadfaí a áireamh leis na suirbhéanna náisiúnta atá á seoladh amach chuig cuardaitheoirí poist agus fostóirí ceist maidir le conas a chuala siad faoi obair agus seirbhísí EURES. Ní hamháin go mbeadh an méid sin ina chuidiú chun cainéil chumarsáide a scagadh amach anseo, ach bheadh sé ina chuidiú freisin chun an chumarsáid bunaithe ar an spriocphobal a fhócasú.

Uimh. 3 Cur chun feidhme mhapáil ESCO a thabhairt chun críche ar fud an líonra iomláin
Rinneadh dul chun cinn maidir le glacadh nó mapáil ESCO le linn na tréimhse tuairiscithe. Is ann, áfach, do thíortha EURES áirithe nár cuireadh an mhapáil is gá i gcrích iontu fós. I bhfianaise a thábhachtaí atá an mhapáil sin le haghaidh na meaitseála uathoibrithe, ba cheart cur chun feidhme an mhéid sin a bheith ina thosaíocht sna míonna atá le teacht.

Uimh. 4 Úsáid an chórais EU Login a chomhdhlúthú
Leis an gcóras EU Login feabhsaítear an tslándáil ar thairseach EURES. I mí Eanáir 2022, scaip ECO roinnt meabhrúchán, agus rang teagaisc treoirlíne-físe ag gabháil leo, chun na húsáideoirí uile a spreagadh chun a gcuntais a uasghrádú tar éis chur chun feidhme teicniúil an EU Login ar thairseach EURES. Dá bhrí sin, ba cheart do na NCOnna uile leanúint dá gComhaltaí agus dá gComhpháirtithe a spreagadh chun úsáid a bhaint as sin, agus an rang teagaisc a chur ar fáil ar na suíomhanna gréasáin náisiúnta.

Uimh. 5 A áirithiú go n-aistreofar CVanna chuig tairseach EURES
Le Rialachán EURES ceanglaítear ar na Comhaltaí agus na Comhpháirtithe uile de chuid EURES a bhfolúntais agus a CVanna uile atá ar fáil go poiblí agus arna dtoiliú ag oibrithe a aistriú chuig tairseach EURES tríd an gcainéal comhordaithe aonair. Cé go bhfuil folúntais á n-uaslódáil ag na NCOnna chuig an tairseach, is cosúil nach bhfuil an méid céanna dul chun cinn á dhéanamh maidir le CVanna a aistriú. Ba cheart é a bheith mar thosaíocht aistriú CVanna ó na tíortha chuig tairseach EURES a mhéadú.

Uimh. 6 Malartú forleathan printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna a fhorbairt a thuilleadh
Gníomhaíochtaí atá nasctha le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna atá faoi réir caidreamh fostaíochta, ba cheart iad a mhéadú a thuilleadh le gníomhaíochtaí chomhairleoirí EURES agus trí thairiscintí a chur isteach i dTairseach EURES araon.

5.2 Moltaí chuig an Oifig Eorpach Comhordúcháin, arna mbainistiú ag an Údarás Eorpach Saothair

I bhfianaise na ndúshlán a luaitear thuas, ba cheart do ELA acmhainní airgeadais agus daonna leordhóthanacha a sholáthar don Oifig Eorpach Comhordúcháin le haghaidh EURES (ECO) in ELA, tacú le gníomhaíochtaí ECO agus sineirgí a lorg le cúraimí eile ELA, agus lánurraim á tabhairt do rialachas neamhspleách EURES mar a bhunaítear le Rialachán EURES 2016. Ba cheart do ECO in ELA tosaíocht a thabhairt do na gnéithe seo a leanas:

Uimh. 1 Comhlíontacht a áirithiú le Rialachán EURES
Ba cheart é a bheith ina chéadtosaíocht de chuid EURES a bheith i gcomhréir iomlán le bunús dlí EURES agus ba cheart an méid sin a léiriú ina ghníomhaíochtaí agus ina chúraimí uile. Leanfaidh tuilleadh forbairtí ar an tairseach de bheith i gcomhréir le Rialachán EURES agus forbrófar APInna chun é a chur ar a gcumas do Chomhaltaí agus Comhpháirtithe rochtain níos fearr a fháil ar CVanna agus folúntais, chun go dtacófar le NCOnna lena mapáil ESCO, chun go bhforbrófar uirlis mheaitseála bunaithe ar scileanna agus samplaí de ghníomhaíochtaí dá bhféadfaidh ECO tosaíocht a thabhairt maidir leis sin.

Uimh. 2 Obair ar shineirgí EURES-Europass
D'fhonn sineirgí a chothú idir EURES agus Europass chun seirbhísí níos fearr a thabhairt do thairbhithe EURES, ba cheart naisc agus ceangail níos dlúithe a cheangal idir an dá cheann. D'fhéadfadh úsáideoirí thairseach EURES tairbhiú de rochtain a fháil ar uirlis Europass mar chuid de thuras úsáideoirí EURES; Ba cheart d'úsáideoirí Europass tairbhiú de na deiseanna poist ar an tairseach. I gcás inar féidir, oibreofar ar thuilleadh sineirgí leis an Tairseach An Eoraip Agatsa.

Uimh. 3 Leanúint de thacaíocht a thabhairt do na NCOnna ina n-iarrachtaí maidir le méadú an líonra
Bhí méadú an líonra ina phríomhthosaíocht le haghaidh líonra EURES ó bunaíodh é. Is ann fós do na dúshláin a sainaithníodh sa Tuarascáil Dhébhliantúil roimhe sin agus sa mheastóireacht *ex post*, ós rud é gur doiligh do NCOnna fós breisluach agus príomhghnéithe díolacháin bhallraíocht EURES a chur i láthair go soiléir ar mhaithe le ligean isteach féideartha i líonra EURES. Ba cheart do ECO, dá bhrí sin, leanúint de thacaíocht a thabhairt do na NCOnna maidir le straitéis a leagan amach maidir le conas dul chun caint le Comhaltaí agus Comhpháirtithe féideartha nua agus leanúint d'ábhar tacaíochta nó imeachtaí foghlama frithpháirtí a fhorbairt maidir le hábhar a ligean isteach.

Uimh. 4 An tuarascáil maidir le ganntanais agus barrachais lucht saothair a atreorú agus a áirithiú go rannchuideoidh EURES go córasach le dul i ngleic le ganntanais lucht saothair
Tá ganntanais lucht saothair ag barr an chláir oibre de bheartais fostaíochta Eorpacha agus náisiúnta agus roinnt eagraíochtaí ag tuairisciú go tráthrialta ar na treochtaí is déanaí. Ba cheart do ECO sineirgí a lorg le tuarascálacha agus tionscnaimh arna dtáirgeadh nó arna gcur chun cinn ag an gCoimisiún agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais chun forluití a sheachaint agus rannchuidiú lena shaineolas. D'fhéadfadh clárú gníomhaíochtaí, mar shampla i réimse na E(O)JDanna a bheith spriocdhírithe go córasach ar dhul i ngleic le ganntanais lucht saothair.

Uimh. 5 Gráinneacht mhapáil ESCO a áirithiú

Le linn na 4 bliana deireanacha, rinneadh bearta nach beag chun cur chun feidhme aicmiú trasnáisiúnta ESCO a áirithiú. Mar sin féin, is amhlaidh atá deacrachtaí fós ag tíortha EURES mapáil a dhéanamh chuig an leibhéal ceart mionsonraí. Ós rud é go bhfuil an mhapáil sin á húsáid chun meaitseáil CVanna agus tairiscintí poist a uathoibriú ar thairseach EURES, tá sé ríthábhachtach go mbeidh idirdhealú leordhóthanach sa mhapáil idir scileanna agus gairmeacha beatha. Is gá do ECO i dteannta an Choimisiúin dá bhrí sin a áirithiú go gcloífear le mapálacha leis na critéir cháilíochta a sainaithníodh agus go ndéantar an leibhéal mionsonraí a éilítear a ghabháil sna sonraí arna soláthar do EURES.

Uimh. 6 Infheistiú in oiliúint fhoireann EURES
Ba cheart do ECO a thairiscint oiliúintí a fhás le haghaidh fhoireann EURES chun inniúlacht leanúnach agus tuilleadh foghlama a ráthú dóibh. Ba cheart faireachán leanúnach a dhéanamh ar an gclár oiliúna chun críoch cáilíochta, ba cheart meastóireacht a dhéanamh air agus é a fhorbairt mar a athraíonn riachtanais an líonra agus mhargadh an tsaothair go leanúnach freisin.

Uimh. 7 Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'eagrú na Laethanta Fostaíochta Eorpacha (Ar Líne)
Is amhlaidh a bhí E(O)JDanna, fiú roimh phaindéim COVID-19, á ndéanamh ar líne cheana nó ar mhodh hibrideach. I bhfianaise a rathúla a bhí na Laethanta Fostaíochta sin ar bhonn leanúnach le haghaidh na gcuardaitheoirí poist agus na bhfostóirí, iarrtar ar ECO leanúint de thacaíocht a thabhairt do na himeachtaí sin agus tógáil a thuilleadh lena rath. Ba cheart do ECO spriocdhíriú ar na E(O)JDanna ar earnálacha ina bhfuil ganntanais lucht oibre.

Uimh. 8 Na nósanna imeachta um thuairisciú a optamú a thuilleadh
D'ainneoin teorannuithe dlí, ceann de na forbairtí is mó a iarrann NCOnna is ea lánpháirtiú PC agus PMS de bharr an ualaigh riaracháin a bhaineann leo le haghaidh NCOnna. Trí uirlisí TF nua a fhorbairt, ba cheart do ECO leanúint de bheith ag tacú le NCOnna nuair is féidir agus de bheith ag forbairt bealaí nua chomh maith leis sin chun an tuairisciú a éascú.

Uimh. 9 Infheictheacht Thairseach agus bhranda EURES a mhéadú, cainéil chumarsáide nua a fhiosrú a thuilleadh, KPInna spriocdhírithe a fhorbairt agus comhar a mhéadú leis an gCoimisiún
Tá an straitéis cumarsáide a d'fhorbair ECO ina cuidiú chun infheictheacht an líonra agus a ghníomhaíochtaí a mhéadú. Mar sin féin, is féidir go lorgófar straitéis cumarsáide níos fadtéarmaí, trí fheachtas cumarsáide ilbhliantúil, chun comhleanúnachas agus éifeachtúlacht iarrachtaí cur chun cinn a mhionchoigeartú, ach freisin chun íomhá an líonra a threisiú le himeacht ama agus infheictheacht Thairseach EURES a mhéadú. Leis an bhfeachtas d'fhéadfaí na tairbhí a bhaineann le meáin shóisialta nua a fhiosrú a thuilleadh freisin, go háirithe chun spriocdhíriú ar an óige. Ba cheart do ECO a mholadh KPInna maithe a shainaithint agus cumhacht agus rannpháirtíocht chumarsáide nó feachtas a thomhas i gcomhréir le táscairí oifigiúla Líonra Cumarsáide an Choimisiúin. Ós rud é go bhfuil feachtas cumarsáide ilbhliantúil níos mó á phleanáil ag an gCoimisiún, d'fhéadfaí EURES agus príomhtheachtaireachtaí maidir lena sheirbhísí a áireamh d'fhonn infheictheacht EURES a mhéadú ar an leibhéal Eorpach. Mar shampla, beartaítear leis an bhfeachtas sin faisnéis maidir le sineirgí idir EURES agus Europass a áireamh. Go háirithe, ba cheart do ECO a rannchuidiú le léarscáil líonra an Choimisiúin de líonraí for-rochtana an Aontais ar fud na hEorpa agus LEE a thabhairt chun críche[52].

Uimh. 10 Úsáid an chórais EU Login a chomhdhlúthú
Mar gheall ar an laghdú ar an líon cuardaitheoirí poist agus fostóirí cláraithe éilítear bearta breise chun rochtain níos fearr a éascú ar thairseach EURES.

5.3 Na príomhthátail le haghaidh an Choimisiúin

Chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin chur chun feidhme ar a dtugtar tuairisc thuas, d'fhéadfadh an Coimisiún na moltaí thíos a leanúint:

Uimh. 1 Sineirgí EURES Europass
Ba cheart don Choimisiún leanúint de bheith ag obair go dlúth le ECO chun turas an úsáideora a shimpliú le haghaidh úsáideoirí thairseach EURES agus tairbhiú a thuilleadh, b'fhéidir, de na sineirgí a sainaithníodh le Europass (féach moladh Uimh. 2 le haghaidh ECO thuas).

[52] An léarscáil 'An tAontas Eorpach thart timpeall orm'. Féach anseo: https://european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga.

Uimh. 2 Feachtas cumarsáide ilbhliantúil
Mar a luaitear i moladh Uimh. 10 le haghaidh ECO thuas, is féidir go lorgófar straitéis cumarsáide fhadtéarmach, trí fheachtas cumarsáide ilbhliantúil, chun comhleanúnachas agus éifeachtúlacht iarrachtaí cur chun cinn EURES a mhionchoigeartú, ach freisin chun feasacht an líonra a threisiú. Go sonrach, ba cheart EURES a áireamh san fheachtas cumarsáide ilbhliantúil cuimsitheach arna eagrú ag an gCoimisiún chun infheictheacht Líonra EURES agus Thairseach EURES a mhéadú agus a sheirbhísí a chur chun cinn ar an leibhéal Eorpach mar a mhol an Coimisiún ina thuarascáil leantach ar Chomhdháil na hEorpa.[53]

Uimh. 3 Cistiú agus infheictheacht a mhéadú le haghaidh TMS agus CBPanna
Cruthaíodh go bhfuil tábhacht ar leith le TSM agus CBPanna ós rud é go gcothaítear cuimsiú agus saorghluaiseacht oibrithe leo ar fud thíortha EURES, anuas ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha mhargadh an tsaothair. Dá bhrí sin, dá n-áiritheofaí cistiú amach anseo le haghaidh na scéimeanna soghluaisteachta sin d'fhéadfaí leanúint de na tairbhí sin a bhaint agus níos mó tionscadail nuálacha, uaillmhianacha agus fhorleathana a chur chun feidhme lena bhféadfaí tuilleadh cuidithe a thabhairt d'oibrithe agus fostóirí, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus bacainní le hobair thrasteorann.

[53] COM/2022/404 final, Gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh den fhís.